# EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

February 2025 | GA

This page is also available in:

- ES
- BG
- CS
- DA
- EN
- DE
- ET
- FR
- EL
- HR
- IT
- LV
- LT
- HU
- MT
- NL
- PL
- PT
- FI
- RO
- SK
- SL
- SV

Available Languages:

# EDITORIAL



## Eagarfhocal

Anois teacht an earraigh, agus roimh Mhárta beidh CESE ag cur tús le sraith imeachtaí dinimiciúla le haird a tharraingt ar ghuthanna na ndaoine óga agus na sochaí sibhialta.

An chéad imeacht an 16ú heagrán den imeacht 'Leatsa an Eoraip, Abair Leat!'. An 13-14 Márta 2025, ag imeacht YEYS, faoi mar a thugtar air go forleathan, tabharfar le chéile beagnach 100 rannpháirtí óg ó eagraíochtaí óige, comhairlí náisiúnta óige agus meánscoileanna, chomh maith le 37 múinteoir ó Bhallstáit an Aontais, ó thíortha is iarrthóirí agus ón Ríocht Aontaithe. Roinnfidh gach duine acu eispéireas uathúil dá gcuid féin, ag aontú guth ar ghuth chun an Eoraip ar mian leo a saol a chaitheamh inti a mhúnlú.

D'fhéadfadh a gcuid moltaí cur leis an dara Seachtain na Sochaí Sibhialta de chuid CESE, cúpla lá ina dhiaidh sin, mar bhonn don phlé atá dírithe ar an óige, agus d'fhéadfaí iad a roinnt le hionadaithe ardleibhéil ó na hinstitiúidí Eorpacha.

Tar éis tús maith in 2024, beidh Seachtain na Sochaí Sibhialta ar siúl an 17-21 Márta agus díreoidh sí ***ar an gcomhtháthú agus an rannpháirtíocht i sochaithe polaraithe a neartú***. Tá na deighiltí sochaíocha níos doimhne fós mar gheall ar an éagobhsaíocht shóisialta, cor chun donais na heacnamaíochta, mar aon leis an míshástacht atá ann go forleathan, go háirithe i measc na ndaoine a bhraitheann nach bhfuiltear ag éisteacht leo agus daoine a fhágtar ar an trá fholamh.

Chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna imní práinneacha sin, baileofar raon éagsúil páirtithe leasmhara ón tsochaí shibhialta ón Eoraip agus níos faide i gcéin le linn **Sheachtain na Sochaí Sibhialta 2025**. Dá bhrí sin, cuirfear ardán uathúil ar fáil chun páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí criticiúla, dea-chleachtais a chomhroinnt, agus comhoibriú chun réitigh a fhorbairt lena gcothófar comhtháthú sóisialta. Beidh sin ina neartú ar an rannpháirtíocht dhaonlathach.

I mbliana, tabharfar trí thionscnamh mhóra le chéile faoi scáth an chláir oibre: **eagraíochtaí agus líonraí na sochaí sibhialta san Eoraip** (painéil de Ghrúpaí Idirchaidrimh CESE), agus plé ar an gcaoi a bhféadfaí comhtháthú ní b'fhearr a chothú le Straitéis Eorpach maidir leis an tSochaí Shibhialta; **Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (TES)** agus an ról atá aige le dul i ngleic leis an deighilt; searmanas bronnta Dhuais na Sochaí Sibhialta. An deighilt dhíobhálach i sochaí na hEorpa a chomhrac, sin é is téama don 15ú Duais don tSochaí Shibhialta, rud a thugann aitheantas don fheabhas i dtionscnaimh na sochaí sibhialta. Is as an mBeilg do na buaiteoirí, agus is í eagraíocht na sochaí sibhialta 'Éagsúlacht' is urlabhraí dóibh; ón bhFrainc, le 'Tuairisceoirí an

Dóchais'; agus ón tSlóvaic,'Comhlachas Díospóireachta na Slóvaice'. Fógrófar an buaiteoir le linn an chomórtais!

Feidhmíonn **Seachtain na Sochaí Sibhialta** ina ardán tráthúil a iarrann ar an tsochaí shibhialta eagraithe agus ar na saoránaigh a dtuairim a chur in iúl faoi na príomh-shaincheisteanna, idir dhúshláin an athraithe aeráide, rud atá ag dul in olcas, an costas maireachtála atá ag ardú, agus na héagothromaíochtaí ioncaim atá ag dul in ainseal, mar aon le torthaí thoghcháin 2024 ar fud an domhain, rud a bhfuil foras bisiúil cruthaithe acu uile le ding agus deighilt a chur idir aicmí daoine go forleathan.

Bígí páirteach sa mhalartú fiúntach seo, agus glacaigí páirt sa phlé. Tá deis le tapú agus is féidir athrú a chur ar chúrsaí. Tá tábhacht nach beag lenár nguth féin, agus is féidir cách a chloisteáil fad a sheasaimid le chéile go réamhghníomhach, fad a bheimid réidh chun rannchuidiú leis an Eoraip ionas go mbeidh sí níos comhtháite agus níos rannpháirtí. Is féidir clárú anois! Tapaigh an deis!

**Laurentiu Plosceanu**

**Leas-Uachtarán um an gCumarsáid**

# DIARY DATES

13-14 Márta 2025

**Leatsa an Eoraip, Abair leat! 2025**

17-20 Márta 2025

**Seachtain na Sochaí Sibhialta 2025**

18 Márta 2025

**Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh 2025**

26-27 Márta 2025

**Seisiún iomlánach CESE**

TO THE POINT

CROÍ AN SCÉIL

**Agus Lá Idirnáisiúnta na mBan (an 8 Márta) ag druidim linn, mar aon leis an 69ú seisiún den Choimisiún um Stádas na mBan (UNCSW69) – an príomhchomhlacht domhanda a chuireann cearta na mban chun cinn – tugann Maria Nikolopoulou, comhalta de CESE agus rapóirtéir na tuairime dar teideal Ionchur CESE i dtosaíochtaí an Aontais ag an 69ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan, cur síos dúinn ar an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas maidir le comhionannas inscne. Cé gur chóir aitheantas a thabhairt don dul chun cinn sin, tá na mná go mór chun deiridh ar na fir fós féin ó thaobh na cearta céanna a bheith acu. Is iomaí bearna nár dúnadh go fóill agus níl aon teorainn leis na cathanna is gá a bhuachan.**

---



## AN COMHIONANNAS INSCNE: GO LEOR DÉANTA AG AN EORAIP AGUS NÍOS MÓ LE DÉANAMH GO FÓILL

**Le Maria NIKOLOPOULOU**

Cúpla lá roimh dúinn Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh, agus muid ag súil leis an 69ú seisiún den Choimisiún um Stádas na mBan (UNCSW69) i Nua-Eabhrac, is mithid machnamh agus meastóireacht a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach maidir le comhionannas inscne. Is é an t-am ceart é freisin féachaint i dtreo na todhchaí agus leanúint den bhealach a réiteach chun cinn.

Maidir leis an gcreat reachtach, tá sé tugtha faoi deara againn go ndearnadh dul chun cinn: tá níos mó ban gníomhach sa mhargadh saothair, ag saothrú ioncaim níos fearr, ardleibhéil oideachas ar leibhéil níos airde á bhaint amach acu, ag cur lena n-ionadaíocht pholaitiúil, agus i mbun poist chumhachta. É sin ráite, tá an dul chun cinn mall agus míchothrom ar fud na mBallstát.

Ach fad a bheidh neamhionannais struchtúracha, steiréitíopaí inscne agus frithfhreagairtí i gcoinne chearta na mban fós ann, beidh mná faoi ghannionadaíocht go fóill sa réimse poiblí, sa pholaitíocht agus in oideachas ETIM, beidh siad neamhchosanta ar fhoréigean ar líne agus as líne agus ní bheidh rochtain acu ar acmhainní ná ar chaipiteal don fhiontraíocht. Is mó an baol freisin go mbeidh siad thíos le bochtaineacht ama agus airgid agus go dtógfaidh sé an iomarca blianta na bearnaí pá agus scoir sin a dhúnadh.

Baineann an dul chun cinn le hoiliúint, le maoiniú agus le tiomantas. Tá acmhainní de dhíth orainn chun borradh a chur faoi scileanna na mban don aistriú cóir digiteach agus glas, chun pleananna gníomhaíochta náisiúnta a mhaoiniú chun an foréigean in aghaidh na mban a chomhrac, agus chun oiliúint a chur ar fáil don phearsanra uile atá ag obair le daoine a thagann slán as an bhforéigean sin.

Ní mór dúinn tionscadail fiontraíochta a mhaoiniú agus seirbhísí cúraim leanaí agus daoine scothaosta atá inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán a bhunú chun deireadh a chur le hualach na bhfreagrachtaí cúraim gan íocaíocht a bhíonn ar mhná. Ina theannta sin, teastaíonn tiomantas láidir do spásanna sábháilte a chruthú, do níos mó ban a rannpháirtiú i bparlaimintí áitiúla, náisiúnta agus i bparlaimintí an Aontais, agus dá rannpháirtíocht ghníomhach a chinntiú i bpróisis neamhfhoréigneacha réitithe coinbhleachta agus

cothaithe síochána agus, ag an am céanna, cineálacha cur chuige inscne-chuimsitheacha á gcur chun cinn leis na hiarrachtaí sin.

Lena chois sin, dá mbeadh straitéis leathan Eorpach ann do Chlár Oibre 2030, chuideodh sé linn dul chun cinn níos gasta a dhéanamh ionas go mbeadh an comhionannas inscne ina chuid lárnach dár mbeartais. Ba cheart dul i ngleic leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ina n-iomláine, seachas ceann ar cheann.

San Aontas, tá dul chun cinn ‘maith’ bainte amach againn. Ach ní leor é a bheith ag céim ‘maith’ d’fhir, do mhná ná do chailíní an Aontais atá ag troid ar son an chomhionannais inscne éifeachtaigh sna blianta atá le teacht. Is é an ról atá againn mar shochaí shibhialta dlús a chur leis an mbrú atá ar lucht ceaptha beartas cúrsaí a chur chun cinn go gasta.

---




## CEIST AMHÁIN AR...

Tá go leor cainte san Aontas agus sna Ballstáit ar na tuarascálacha a d’fhoilsigh Mario Draghi agus Enrico Letta in 2024. Tá siad ina dtreochláir anois lena léirítear an cur chuige ar cheart don Eoraip a ghlacadh chun todhchaí inmharthana a chinntiú. Sa tuairim uaidh dar teideal ‘*Measúnú ar thuarascálacha Letta agus Draghi maidir le feidhmiú agus iomaíochas Mhargadh Aonair an Aontais*’, tugann CESE léargas ar dhearcadh na sochaí shibhialta i leith na dtuarascálacha agus cuireann sé moltaí chun cinn maidir leis na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh le teann práinne. Iarradh ar na trí rapóirtéir a d’oibrigh ar an tuairim (Matteo Carlo Borsani, Giuseppe Guerini, agus Stefano Palmieri) aird a tharraingt ar na tograí ó na tuarascálacha is mó tábhacht do rathúnas an Aontais amach anseo dar leo.

---



## TUARASCÁLACHA LETTA AGUS DRAGHI: NÍ FÉIDIR BREITH AGUS DÁ ROGHA A BHEITH AGAINN

**Le Matteo Carlo Borsani,**
**Grúpa na bhFostóirí in CESE**

Is é an chéad mholadh agus an príomh-mholadh ó CESE sa tuairim uaidh gur cheart gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun moltaí thuarascálacha Letta agus Draghi a chur chun feidhme. I mo thuairimse, ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach. Níor cheart codanna áirithe den dá thuarascáil sin a roghnú. Ní mór iad a chur chun feidhme ina n-iomláine, gan teorainn a chur leis na tograí ná leis an aird a thugtar ar chriosanna compoird, agus gan na saincheisteanna is criticiúla agus is achrainní,

amhail infheistíochtaí, a sheachaint.

Maidir le tuarascáil Draghi, ós rud é gur léir a thábhachtaí atá sé díriú ar iomaíochas an Aontais ina iomláine, measaim gur moltaí ríthábhachtacha iad na moltaí a dhéanann Mario Draghi maidir le beartas tionsclaíoch an Aontais. Go háirithe, d’áitigh sé gur gá beartas tionsclaíoch a ghlacadh a bheadh in ann na dúshláin a bhaineann leis an gcur chuige ilroinnte atá ann faoi láthair a shárú. Sa lá atá inniu ann, tá 27 mbeartas tionsclaíochta náisiúnta ann, agus ní dhéantar na beartais sin a chomhordú i gcónaí. I ndáil leis an méid sin, is le hiarracht struchtúrtha ar an leibhéal Eorpach amháin a bheimis in ann an chothromaíocht cheart a áirithiú idir bearta fioscacha, rialála, tráchtála/custaim agus dreasachtaí airgeadais, mar a rinne na Stáit Aontaithe agus an tSín sna beartais thionsclaíocha is déanaí a d’ullmhaigh siad. Rachadh an chothromaíocht sin go mór chun tairbhe don mhargadh aonair.

Ba cheart, áfach, don mhéid sin a bheith fite fuaite le laghdú ollmhór ar ualaí maorlathacha do ghnólachtaí, agus is mór agam go háirithe an iarraidh ó Enrico Letta maidir le margadh aonair a dhéanfaidh dul chun cinn go tapa agus a mbeidh tionchar forleathan aige. I measc a phríomh-mholtaí, molann Enrico Letta an t-ualach maorlathach a chuíchóiriú, nósanna imeachta riaracháin a shimpliú, agus gníomhaíochtaí breise chun an rómhaorlathas a laghdú, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh do CESE an togra ón gCoimisiún an t-ualach tuairiscithe a laghdú 25 % do gach gnólacht agus sprioc 50 % ar a laghad a leagan síos do FBManna. Ina theannta sin, trí thógáil ar an moladh ó Enrico Letta maidir le machnamh a dhéanamh ar shásra a chuideoidh leis na comhreachtóirí measúnú tionchair dinimiciúil a dhéanamh, agus tríd an moladh sin a dhoimhniú, tacaíonn CESE go láidir leis an smaoineamh seiceáil iomaíochais a dhéanamh le linn an nós imeachta reachtaigh.




## NÍ MÓR DÚINN BEART A DHÉANAMH GO BEO ACH GAN AN CHÁILÍOCHT A CHUR I GCONTÚIRT

**Giuseppe Guerini**
**, thar ceann Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE, a scríobh**

An bhliain seo caite, chuir an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach de chúram ar Mario Draghi agus Enrico Letta tuarascálacha a dhréachtú maidir le hiomaíochas an Aontais agus maidir leis an margadh aonair a fheabhsú faoi seach. Leagadh amach sna tuarascálacha sin clár oibre polaitiúil uaillmhianach don Aontas Eorpach, ar plean agus tagarmharc ar aon iad maidir le measúnú a dhéanamh ar thiomantas na n-institiúidí agus lucht ceaptha beartas todhchaí an Aontais a mhúnlú agus ar a gcumas déanamh amhlaidh.

Is féidir iad a úsáid le héifeachtacht na n-institiúidí agus na gceannairí a thomhas agus iad ag dul i ngleic le dúshláin chasta an lae inniu.

Uirlis fhónta atá i dtuairim CESE maidir leis na tuarascálacha sin, d’fhonn céimeanna tosaigh an timthrialla pholaitiúil nua seo a mheas. Ar an gcéad cheann de na céimeanna sin, tá an Compás Iomaíochais, rud a

sheol an Coimisiún Eorpach an 29 Eanáir. Cuid de na tograí ardtosaíochta éagsúla atá ann, tarraingítear aird orthu i dtuairim CESE, cuir i gcás an bhearna iomaíochais a dhruidim, an margadh aonair a chur i gcrích, rialacháin a shimpliú gan dírialáil a dhéanamh, agus tábhacht na ndaoine agus na scileanna atá acu a aithint mar an rud is mó a bhfuil an t-iomaíochas ag brath air.

Mar sin féin, de bhreis ar an mbearna iomaíochais, níl dóthain bearta nithiúla á ndéanamh. Go dtí seo, is éard atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún ná doiciméid straitéiseacha, teachtaireachtaí, agus gealltanais, ach ní bheidh bearta follasacha le feiceáil go ceann na míonna fós. Léiríonn an mhoill sin, mar a cuireadh i bhfáth sa tuairim uainn, gur gá do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit freisin tús a chur le díospóireacht faoi rialacha bunúsacha an Aontais agus ábharthacht na gConarthaí atá ann faoi láthair i gcomhthéacs na ndúshlán ar gá dul i ngleic leo sa lá atá inniu ann, dúshláin a bhfuil beart ar bhonn práinne ag teastáil ina dtaobh.

Ní hionann beart a dhéanamh go beo agus an cháilíocht a chaitheamh i dtraipisí. Léirigh an Coimisiún Eorpach an méid sin in 2020 nuair a chuir sé an tionscnamh Next Generation EU chun feidhme go pras. Ba cheart dó an lúfaireacht chéanna a thaispeáint arís inniu.

Cur chuige ilghnéitheach a theastaíonn leis na spriocanna seo a bhaint amach. Tá sé fíorthábhachtach an margadh aonair a chur i gcrích go beo, ach, leis sin, is gá go mbeidh tiomantas láidir don inbhuanaitheacht chomhshaoil, don rathúnas eacnamaíoch, agus don chomhtháthú sóisialta agus críochach, ós rud é go gcuireann siad sin go mór leis an iomaíochas.

Teastaíonn freisin, leis an bhfís seo a thabhairt i gcrích, beartas comhtháite tionsclaíoch a sháraíonn na cuir chuige ilroinnte náisiúnta, mar aon le dreasachtaí straitéiseacha fioscacha agus custaim. Lena chois sin, má táthar chun timpeallacht dhinimiciúil ghnó a chothú, ní mór na huallaí maorlathacha agus na costais chomhlíontachta a laghdú trí bhíthin na reachtaíochta cliste agus na bpróiseas riaracháin cuíchóirithe.

In earnáil an fhuinnimh, beidh sé ríthábhachtach an éagothromaíocht atá ann ó thaobh praghsanna de a laghdú, ó Bhallstát go Ballstát agus i gcomparáid le geilleagair dhomhanda eile. Chuige sin, beidh gá lena thuilleadh infheistíochta san fhuinneamh in-athnuaite, rud a dhéanfaidh an margadh fuinnimh níos iomaíche agus níos inbhuanaithe araon.

Má táthar chun na spriocanna uailmhianacha seo a bhaint amach, beidh ar an Aontas comhbheartas a fhorbairt freisin maidir le hearraí poiblí na hEorpa, ceann a saineoidh go soiléir tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus a threiseoidh an ról atá aige ar an leibhéal domhanda.

Leanfaidh CESE den fhaireachán ar chur chun feidhme na mbeartas sin, lena áirithiú go gcloistear agus go dtugtar aird ar ghlór shochaí shibhialta na hEorpa.




# NÍL AON CHIALL LEIS RIALACHÁIN AN AONTAIS A CHUR I GCOMPARÁID LE RIALACHÁIN NA STÁT AONTAITHE NÓ NA SÍNE

**Le Stefano Palmieri**
**Grúpa na nOibrithe**

Cé go bhfuil difríocht mhór idir an anailís a dhéanann Letta agus Draghi ina dtuarascálcha faoi seach, agus go bhfuil an-difear idir na straitéisí atá molta acu, tá an iliomad pointí sa dá thuarascáil a bhfeictear forluí eatarthu freisin.

Glacaimis an beartas comhtháthaithe, mar shampla. Tugtar le fios i dtuarascáil Letta go bhfuil ról lárnach ag an mbeartas sin toisc go bhfágann sé go ndéantar buntáistí an Mhargaidh Aonair a roinnt ar shaoránaigh agus réigiúin uile an Aontais. Dírítear freisin ar an nasc idir an beartas comhtháthaithe agus na seirbhísí leasa ghinearálta, seirbhísí a bhfuil géarghá leo le go mbeidh muintir na hEorpa in ann maireachtáil agus a bheith ag obair san áit is rogha leo. Os a choinne sin, is cosúil go ndéantar beag is fiú i dtuarascáil Draghi den tábhacht atá leis an mbeartas comhtháthaithe agus le gnéithe sóisialta agus réigiúnacha den iomaíochas. Pléitear an t-iomaíochas san Eoraip gan éagothromaíochtaí idir na réigiúin a chur san áireamh, agus tugtar le tuiscint gur réiteach ar fhadhbanna na réigiún é borradh a chur faoin iomaíochas ina iomláine san Aontas. Déantar neamhaird ar an bhfírinne gurb ionann, ina lán réigiún, an t-iomaíochas íseal agus míbhuntáiste réigiúnach.

Aithnítear sa dá thuarascáil nach rogha don Aontas a thuilleadh é cloí leis an gcur chuige ‘gnó mar is gnách’. Mar gheall ar a phráinne agus a chasta atá géarchéimeanna ár linne, tá gá le hathrú mór a dhéanamh ar an gceapadh beartas san Eoraip, trí athruithe a dhéanamh ar na Conarthaí, b’fhéidir. An féidir linn an méadú a phlé i ndáiríre gan aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le comhtháthú polaitiúil níos doimhne? Is gá an scála ar a ndéantar rudaí a athrú freisin. Ní leor an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha, rud atá socraithe ag beagán os cionn 1 % d’ollioncam náisiúnta an Aontais agus a bhfuil bac air ag prionsabal an bhrabúis chothroim, ar prionsabal é atá as dáta. Tá gá le cur chuige nua, agus an cur chuige sin a bheith bunaithe ar shamhail NextGenerationEU. Ní mór leas a bhaint as réitigh mhisniúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin neamhghnácha, agus ‘sócmhainní coiteanna sábháilte’ a eisiúint mar a tharla le linn na paindéime.

Le CAI 2028-2034, déanfar an méid atá ar intinn ag an Aontas a thástáil dáiríre, ós rud é go leagtar síos tosaíochtaí ann don tréimhse seacht mbliana atá romhainn. Sa chomhthéacs sin, tá sé réasúnta a bheith ag súil le díospóireacht oscailte faoi na dúshláin atá le sárú ag an Aontas, i bhfianaise an iliomad géarchéimeanna atá ar siúl faoi láthair, agus faoi phríomhchuspóirí an Aontais agus na hearraí coiteanna Eorpacha a bhfuil sé d’aidhm aige a chur ar fáil do na saoránaigh.

Agus athchóiriú na rialála á chur san áireamh, rud a mholtar sa dá thuarascáil, tá sé tábhachtach a mheabhrú gurb é an tAontas Eorpach an ‘geilleagar sóisialta margaidh’ is forbartha ar domhan. Tá ardchaighdeáin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an gheilleagair sin fíor-riachtanach chun go n-éireoidh leis an tsamhail, agus ní bac a chuirtear uirthi dá ndeasca. Dá bhrí sin, níl aon chiall leis rialacháin an Aontais a chur i gcomparáid le rialacháin na Stát Aontaithe nó na Síne. Nuair a dhéantar iarracht chun rialacha an Aontais a shimpliú, ní mór dálaí saothair, sábháilteacht oibrithe, cearta tomhaltóirí, an

comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus an fás inbhuanaithe a chosaint i gcónaí.

Tá an Eoraip tar éis teacht ar an tuiscint faoi dheireadh thiar thall nach leor a thuilleadh margadh mór a bheith ann. Ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh, is gá di a seacht ndícheall a dhéanamh aontacht níos fearr a bhaint amach, trí chomhtháthú polaitiúil níos doimhne, cuir i gcás, agus beartais ar a bhfuil comhaontú dáiríre maidir leis an ngeilleagar, an tionsclaíocht, an trádáil, gnóthaí eachtracha agus an chosaint. Beidh tábhacht leis an méid a tharlóidh sna míonna amach romhainn chun todhchaí na hEorpa a mhúnlú.

---




## AOI A THARLA AN BEALACH

Tá an t-iomaíochas go mór i mbéal an phobail na laethanta seo agus an dírialáil á moladh mar an réiteach is fearr chun seasamh na hEorpa sa gheilleagar domhanda a neartú. Mar sin féin, is iomaí bealach atá ann an t-iomaíochas a thomhas agus níl aon fhreagra amháin faoi leith ar an gceist maidir le cad is iomarca rialála ann. Dar le Karel Lannoo, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Lárionaid don Staidéar ar Bheartas na hEorpa, mura láimhseáiltear go cúramach iad, d’fhéadfadh díospóireachtaí ar an iomaíochas agus an dírialáil a bheith ina n-argóintí róshimplithe, dubh agus bán a d’fhéadfadh bagairt ar cheapadh beartais eacnamaíoch fónta.

*Is é Karel Lannoo Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Lárionaid don Staidéar ar Bheartas na hEorpa, ceann de na príomhmheithleacha machnaimh neamhspleácha san Eoraip. Tá saineolas aige ar rialáil airgeadais, rialachas eacnamaíoch na hEorpa agus saincheisteanna a bhaineann leis an margadh aonair. Ar na foilseacháin is déanaí uaidh tá ‘Europa begrijpen’, tuarascáil tascfhórsa maidir le beartas na hearnála airgeadais do Choimisiún von der Leyen II, agus rannchuidithe éagsúla le himleabhair agus athbhreithnithe acadúla. Is minic a labhraíonn Karel ag éisteachtaí institiúidí AE, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus ag cláir feidhmiúcháin. Stiúrann sé staidéir do rialtais náisiúnta, d’eagraíochtaí iltaobhacha agus d’eintitis san earnáil phríobháideach. Bíonn a chuid saothair le feiceáil sna meáin go rialta. Ina theannta sin, tá Karel ar bhoird cuideachtaí agus fondúireachtaí agus tá sé ina chomhalta de chomhairlí comhairleacha, lena n-áirítear Coimisiún na Margaí Caipitil in AFM na hÍsiltíre, arb é údarás maoirseachta na margaí airgeadais é.*

---



# AN IOMARCA DEN IOMAÍOCHAS

**Karel Lannoo a scríobh**

Tá sé go mór san fhaisean sa lá atá inniu ann an Eoraip a cháineadh as a neamhiomaíche atá sí agus feachtas ollmhór dírialála a éileamh ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, más mian leat riocht an gheilleagair a mheas i gceart, tá cuid mhór den scéal ag brath ar mar a shainmhínítear an rud is iomaíochas ann, ar an táscaire a úsáidtear, ar an tagarmharc atá i gceist, mar aon leis na dálaí mar atá.

Lena chois sin, samhlaítear gur ionann an t-iomaíochas agus an dírialáil, rud nach bhfuil fíor, amhail is go ndéanfadh feachtas ollmhór simpliúcháin gach fadhb a réiteach. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach na paraiméadair a leagan síos i gceart leis an bplé a rialú, sin nó d'fhéadfadh sé imeacht ó smacht agus cur leis an Eoraisceipteachas.

Tá an t-iomaíochas ina chuspóir beartais an athuair, cé go raibh sé ina chuspóir beartais i gcónaí: tá sé tábhachtach cuimhneamh ar an méid atá déanta go dtí seo. An aidhm a bhí le Conradh Liospóin, a ghlac an Chomhairle Eorpach i Liospóin i mí an Mhárta 2000, 'an geilleagar eolasbhunaithe is iomaíche agus is dinimiciúla ar domhan ina mbeadh fás inbhuanaithe agus ina mbeadh níos mó post, poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó ar fáil' a dhéanamh den Aontas Eorpach. Aimsir Delors, fiú, bhí an t-iomaíochas ina ábhar imní ag an gCoimisiún Eorpach – féach, mar shampla, an t-alt cáiliúil a scríobh Paul Krugman in 1994, inar dúradh go raibh sé contúirteach tábhacht rómhór a chur leis an iomaíochas. Bhí an tUas. Delors buartha an t-am sin faoin dífhostaíocht a bhí ag dul in olcas san Eoraip, i gcomhthéacs an iomaíochais leis na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin, agus is é an réiteach a mhol sé clár infheistíochta a dhíriú ar an mbonneagar agus an ardteicneolaíocht. Seanscéal agus meirg air.

Is le fada an lá freisin, atá simpliú na reachtaíochta ar an gclár oibre. Cuireadh tús le bearta an tionscadail 'Reachtaíocht Níos Simplí don Mhargadh Inmheánach' chomh fada siar le 1996, tráth nach raibh san Aontas Eorpach ach 15 Bhallstát. An Coimisinéir Cathal Mac Riabhaigh (2004-2009), bhí seisean i bhfabhar 'sosanna' rialála in 2005-06, sular thit an ghéarchéim airgeadais amach. In aimsir Choimisiún Juncker, rinneadh clár maidir leis an rialáil is fearr a chur de chúram ar an Leas-Uachtarán Frans Timmermans. Cé go bhfuil na pleananna sin go léir le moladh, b'fhearr i bhfad dul i ngleic le bhunchúiseanna na castachta rialála – an próiseas cinnteoireachta agus forfheidhmiú lag – in áit aghaidh a thabhairt ar na comharthaí sóirt. Mar sin féin, agus 27 mBallstát ag an Aontas, is fusa a leithéid a rá ná a dhéanamh.

Is mó a bhaineann an t-iomaíochas, de réir mar a sainmhíníodh é i dtuarascáil Draghi, pé scéal é, leis an táirgiúlacht agus le fás na holltáirgeachta intíre, rud ar féidir leis torthaí an-éagsúil a thabhairt ag brath ar an táscaire a úsáidtear. Ach tá bealaí eile ann leis an iomaíochas a thomhas. D'fhéadfaí an t-iomaíochas inmheánach a chur i gcomparáid leis an iomaíochas seachtrach. Ón taobh inmheánach de, tá cuma lag ar an Aontas, mar a bhfuil an táirgiúlacht ag dul i léig i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe. Ón taobh seachtrach de, áfach, tá barrachas trádála agus farasbarr sa chuntas reatha ag an Aontas, i gcodarsnacht leis na Stáit Aontaithe a bhfuil easnamh ollmhór sa trádáil agus sa chuntas reatha acu – ach, ina dhiaidh sin féin, ní cosúil gur fadhb an méid sin (ach amháin don Uachtarán Trump).

Is fearr i bhfad freisin an seasamh fioscach atá ag an Aontas ná an ceann atá ag na Stáit Aontaithe nó, fiú, ag an tSeapáin. Níl na sonraí beachta againn, áfach, le comparáid chruinn a dhéanamh leis an tSín. An t-easnamh i mbuiséad an Aontais, bhí sé thart ar 3.5 % den olltáirgeacht intíre in 2024, ach bhí sé beagnach a

dhá oiread sin (6.4 %) sna Stáit Aontaithe. Is féidir leis na Stáit Aontaithe an t-easnamh sin a mhaoiniú trí bhíthin na margaí idirnáisiúnta a bhuí le stádas domhanda an dollair, cé go bhfuil na rátaí úis meántéarmacha san Aontas agus sna Stáit Aontaithe ag scaradh óna chéile, rud a léiríonn imní an mhargaidh faoi gheilleagar na Stát. Ráta iasachta sé mhí an mhargaidh inniu ná 4.8 % i gcás an dollair, i gcomparáid le 2.5 % sa limistéar euro (Euribor).

De bhreis air sin, is airde i bhfad na praghsanna fuinnimh san Aontas ná sna Stáit Aontaithe ó lár 2021, tráth ar thosaigh Vladimir Putin ar phraghsanna a chúbláil, rud a chuireann isteach ar iomaíochas thionscal na déantúsaíochta, agus ar an nGearmáin go háirithe. Inniu, tá costas an fhuinnimh san Aontas ar a laghad 50 % níos airde ná mar atá sna Stáit.

An beartas fuinnimh, sin ábhar eile ab fhiú a chíoradh sa díospóireacht faoin rialáil: an í an ró-rialáil an fhadhb? A mhalairt ar fad, cé go bhfuil aon mhargadh fuinnimh amháin ag an Aontas le haghaidh dáileacháin, is faoi rialú na mBallstát atá táirgeadh an fhuinnimh i gcónaí. Cruthaíonn sé sin fadhbanna sna tíortha a mbíonn farasbarr táirgeachta acu, ó tagann méadú ar na praghsanna mar gheall ar ghanntanais fuinnimh i dtíortha eile, rud a tharlaíonn sa tSualainn agus sa Ghearmáin.

Lena chois sin, san earnáil dhigiteach, d’fhéadfadh sé gurbh fhearr an rialáil a fhágáil ar lár amach is amach. An dteastaíonn saoirse cainte uainn ar nós na Stát Aontaithe, gan modhnóireacht inneachair ar bith? An dteastaíonn margadh olagaplach uainn mar atá againn faoi láthair?

Sa phlé gairid seo, léiríodh gur gá an-aire a thabhairt i ndíospóireacht ar bith faoin iomaíochas agus an dírialáil ar fhaitíos go dtitfeadh sí chun róshimplíochta, rud a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt ar cheapadh na mbeartas.

# EESC NEWS




## IS atá chun tairbhe don oibrí curtha chun tosaigh ag CESE i ndíospóireacht ardleibhéil

**Agus an láthair oibre á hathchruthú ag an intleacht shaorga (IS), tá sé ríthábhachtach leanúint de IS duinelárnach a chur chun cinn agus beartais a mholadh a aimsíonn cothromaíocht idir forbairt láidir IS san Eoraip, an ceartas sóisialta, agus cearta na n-oibrithe, b’in an mhórtheachtaireacht a cuireadh in iúl le linn díospóireacht ardleibhéil a tionóladh in CESE.**

Mar chuid de sheisiún iomlánach mhí Eanáir, reáchtáladh díospóireacht in CESE maidir le húsáid IS san ionad oibre, mar ar labhair Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**; Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh, **Roxana Mînzatu**; agus Leas-Aire Teaghlaigh, Saothair agus Beartais Shóisialta na Polainne, **Katarzyna Nowakowska**; i measc daoine eile.

Dúirt an **tUas. Röpke** an méid a leanas nuair a chuir sé tús leis an bplé: 'Tá an intleacht shaorga ar cheann d'fheiniméin is mó bunathrú na linne seo. Níl aon chuimse lena bhféadfaí a bhaint amach léi ach, mar sin féin, ní beag na dúshláin a ghabhann léi. An díospóireacht a reáchtáladh inniu, dhearbhaigh sí an athuair a thábhachtaí atá sé beartas IS a fhréamhú go daingean i bprionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.'

Rinne an Leas-Uachtarán **Roxana Mînzatu** an pointe a leanas a chuir leis an bplé: 'Agus muid ag cuimhneamh ar IS, go háirithe IS san ionad oibre, ba cheart féachaint ar bhealaí le borradh a chur faoin infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht, agus leis an gcaoi ar féidir le cuideachtaí na hEorpa forbairt a dhéanamh sa réimse seo le go mbeadh ár dteicneolaíochtaí féin againn agus iad oilte ar shonraí Eorpacha agus bunaithe ar luachanna Eorpacha. Má chloímid leis na luachanna atá againn ó thaobh na gceart sóisialta agus an chomhionannais de, cinnteoimid gurb ionann na cearta atá ag na hoibrithe is cuma ann nó as IS – is é sin le rá, go gcosnófar iad agus go gcuirfear an rialú duinelárnach chun feidhme.'

Dúirt an **Leas-Aire Nowakowska** go bhfuil deiseanna iontacha á gcruthú ag IS i saol na hoibre, do na gnólachtaí ar mian leo cúrsaí táirgiúlachta agus iomaíochais a fheabhsú, ach go bhfuil údar imní ann freisin faoin tionchar a d'fhéadfadh sé a imirt ar an bhfostaíocht, sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe, dálaí oibre, cáilíocht fhoriomlán na bpost, agus ról an idirphlé shóisialta.

**Glacadh na tuairime maidir leis an *Intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí* maille le frituairim**

Tar éis na díospóireachta sa suí iomlánach, ghlac CESE an tuairim féintionscnaimh *Ar son intleacht shaorga atá chun tairbhe don oibrí: deiseanna na hintleachta saorga a ghlacadh chugainn agus na rioscaí a mhaolú a mhéid a bhaineann le beartais fostaíochta agus beartais an mhargaidh saothair*, leis an rapóirtéir **Franca Salis-Madinier**. Glacadh an tuairim le 142 vóta ina fabhar, 103 vóta ina coinne, agus 14 staonadh. Níor thacaigh Grúpa na bhFostóirí in CESE léi agus rinne sé frituairim a chur síos.

Leagann CESE béim sa tuairim ar an ról ríthábhachtach atá ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag rannpháirtíocht na n-oibrithe maidir le cearta bunúsacha oibrithe a chaomhnú agus maidir le IS 'iontaofa' a chur chun cinn i saol na hoibre. De réir na tuairime seo, ba cheart na rialacha atá ann cheana féin a úsáid le dul i ngleic leis na bearnaí i gcosaint chearta na n-oibrithe ag an obair agus lena áirithiú go mbeidh smacht ag an duine daonna i gcónaí ar na hidirghníomhaíochtaí uile idir daoine agus meaisíní.

Cuireadh an fhriththuairim ó Ghrúpa na bhFostóirí leis an tuairim. Mhínigh comhaltaí an ghrúpa sin go raibh ag an Aontas cheana féin, dar leo, na huirlisí a theastódh le réabhlóid IS a chur chun tairbhe, agus gur leor an creat dlíthiúil reatha le húsáid gan tuisliú IS a chur chun cinn. (lm)



## Tá ról lárnach ag daoine óga sa chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Mheánmhuir

**Ní mór daoine óga i réigiún na Meánmhara a áireamh ag gach céim den bhealach, ó cheapadh beartas go cur chun feidhme. Ní hamháin go múnlaíonn siad beartais ach múnlaíonn siad an saol freisin, mar a tugadh chun suntais sa díospóireacht a bhí ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE).**

Is í an díospóireacht a bhaineann le glacadh na tuairime *Rannpháirtíocht na hÓige san idirphlé sóisialta agus sibhialta i réigiún na Meánmhara*, a tionóladh ag seisiún iomlánach CESE i mí Eanáir, an chéad tuairim ó CESE inar cuireadh ionchur ionadaithe óige an réigiúin san áireamh. Chuir ochtar ionadaithe óga leis an bpróiseas dréachtaithe.

Le linn na díospóireachta, leag an Coimisinéir um Réigiún na Meánmhara, **Dubravka Šuica**, béim ar a thábhachtaí atá daoine óga do rathúnas, do chobhsaíocht agus d'athléimneacht an réigiúin. Tá todhchaí na Meánmhara ar láimh a ndaoine óga. Ar mhaithe le todhchaí chomhroinnte agus inbhuanaithe, ní mór dúinn dul i dteagmháil go díreach leis na glúnta óga, lena chinntiú go mbeidh a nguthanna mar threoir ag na beartais agus na tosaíochtaí atá againn. I dteannta a chéile, cuirfidh muid cruth ar an gcomhaontú nua don Mheánmhuir trí infheistíocht a dhéanamh san oideachas, i bpoist agus san fhás.'

Chuir Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, in iúl a thacaíocht do chomhaontú nua an Choimisinéara Šuica, lena ndírítear ar infheistíocht, ar inbhuanaitheacht agus ar imirce, agus dúirt sé freisin nach mór páirt ghníomhach a thabhairt don tsochaí shibhialta i ndearadh an chomhaontaithe sin. 'Tá rannpháirtíocht na ndaoine óga ríthábhachtach do thodhchaí an réigiúin, agus tá CESE tiomanta a chinntiú go gcuirfidh a nguthanna cruth ar an mbeartas agus ar an gcinnteoireacht. In éineacht leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí agus Fondúireacht Anna Lindh, táimid ag iarraidh Meánmhuir shíochánta rathúil a thógáil.'

Agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá rannchuidiú na n-ionadaithe óga leis an tuairim, dúirt an Banphrionsa **Rym Ali**, uachtarán Fhondúireacht Anna Lindh, nach amháin go bhfuil sé tábhachtach oibriú le daoine óga, ach go bhfuil sé práinneach agus tairbheach. 'Is mór an méid atá i gceist. Gan na daoine óga a bheith ag tacú linn, gan uirlisí a thabhairt dóibh le go mbeidh siad rannpháirteach go comhionann, ní féidir linn réiteach a thógáil don todhchaí. Ní mór suíochán a bheith acu ag an tábla', a dúirt sí.

Is í **Eliane El Haber** an t-ionadaí óige don tuairim, agus is comhairleoir í ag Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 UNESCO An Óige & Líonra na Mac Léinn. Ghlac sí go fonnmhar le tionscnamh CESE chun daoine óga a rannpháirtiú go gníomhach, daoine a dhéanann ionadaíocht ar chúlraí éagsúla réigiúnacha, inscne, oideachais agus cultúrtha.



## [CESE agus EIS ag obair i gcomhar le chéile chun todhchaí chothrom chuimsitheach atá dírithe ar an intleacht shaorga a mhúnlú ag comhdháil ardleibhéil]

**Tá saol na hoibre á athrú ó bhonn ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo de bharr na hintleachta saorga agus tá idir dheiseanna agus dhúshláin i gceist leis sin d'oibrithe, do ghnólachtaí agus don lucht ceaptha beartas. An 3 Feabhra, d'eagraigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) comhdháil ardleibhéal i bpáirt le chéile dar teideal 'An ceartas sóisialta sa ré dhigiteach: tionchar na hintleachta saorga ar an obair agus an tsochaí'.**

Ag an gcomhdháil ardleibhéil, phléigh ceannairí mór le rá, roinnt airí saothair de chuid an Aontais san áireamh, straitéisí chun leas a bhaint acmhainneacht na hintleachta saorga agus aghaidh a thabhairt san am céanna ar na rioscaí a bhaineann léi do chearta oibrithe agus do mhargaí saothair. Chuir an t-imeacht sin go mór leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta agus tarraingíodh aird ar an ngá atá le cur chuige comhordaithe maidir le rialachas na hintleachta saorga ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda araon. Is i gcomhar le chéile a d'eagraigh an Rannóg um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht (SOC) in CESE agus EIS an chomhdháil ardleibhéil.

**Ní mór forbairt eiticiúil agus chuimsitheach na hintleachta saorga a chinntiú**

Ba é Uachtarán CESE, **Oliver Röpke**, a chuir tús leis an gcomhdháil agus leag sé béim ar an ngéarghá atá ann cur chuige duinelárnach a ghlacadh i leith na hintleachta saorga. Seo an méid a bhí le rá aige: '*Tá ár sochaithe agus ár margaí saothair á n-athmhúnlú ag an intleacht shaorga cheana féin, agus tá idir dheiseanna agus dhúshláin i gceist leis sin. Tá CESE agus a eagraíochtaí comhpháirtíochta tiomanta féachaint chuige go n-úsáidfear an intleacht shaorga chun ceartas sóisialta a chinntiú, cearta oibrithe a neartú, an cuimsiú a chur chun cinn agus neamhionannais nua a chosc. Más uainn go n-úsáidfear an intleacht shaorga ar dhóigh chothrom dhuinelárnach amach anseo, tá gá le gníomhaíocht chomhchoiteann – ó lucht ceaptha beartas go dtí na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta – lena chinntiú go bhfreastalóidh an teicneolaíocht ar dhaoine agus nach gcuirfidh sí ina gcoinne*.'

Leag Ard-Stiúrthóir EIS, **Gilbert F. Houngbo**, béim ar a thábhachtaí atá beartais réamhghníomhacha chun tionchar suaiteach na hintleachta saorga ar phoist agus ar ionaid oibre a mhaolú. '*Ní mór dúinn a chinntiú go bhforbrófar an intleacht shaorga ar dhóigh a gcuireann an ceartas sóisialta chun cinn. Chuige sin, is gá roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh: tacaíocht a thabhairt d'oibrithe, lena n-áirítear ó thaobh scileanna agus cosaint shóisialta de; a ráthú go mbeidh rochtain ag fiontair de gach méid agus i ngach cearn den domhan ar theicneolaíocht intleachta saorga chun leas a bhaint as tairbhí táirgiúlachta; a chinntiú go gcosnófar cearta oibrithe agus an intleacht shaorga á tabhairt isteach san ionad oibre agus go gcuirfear an t-idirphlé sóisialta chun cinn san aistriú digiteach,' a dúirt sé.*

Le linn dhá phainéal, labhair cainteoirí ardleibhéil faoi na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga a úsáid chun obair chuibhiúil agus margaí saothair cuimsitheacha a chur chun cinn agus chun cur leis an gcomhionannas inscne sna blianta amach romhainn. I measc na bpainéalaithe bhí airí saothair an Aontais **Agnieszka Dziemianowicz-Bąk** (an Pholainn), **Yolanda Díaz** (an Spáinn), **Níki**

**Keraméos** (an Ghréig) agus **Maria do Rosário Palma Ramalho** (an Phortaingéil), mar aon le toscaire ó rialtas na Fraince chuig EIS agus chuig G7-G20, **Anousheh Karvar** (i measc daoine eile).

Tugadh chun suntais sa phlé, cé go bhfuil baol ag baint le leathadh amach na hintleachta saorga, nach gá a bheith caolaigeanta i leith na teicneolaíochta nua seo. Is ríthábhachtach, áfach, díriú ar an idirphlé sóisialta agus na hoibrithe a thabhairt isteach i gcur in úsáid na hintleachta saorga, agus aird ar leith á tabhairt ar an athsciliú agus an t-uas-sciliú. Ach an intleacht shaorga a chur i bhfeidhm i gceart agus rialáil a dhéanamh uirthi, is féidir suaití móra a sheachaint agus an teicneolaíocht a úsáid chun tascanna atriallacha a laghdú agus cailliúint post ar mhórscála a sheachaint san am céanna.(lm)

---



## An margadh leictreachais: fóntas leictreachais molta ag CESE ar mhaithe leis an rialú, nuair is gá sin, agus leis an an bhfiontraíocht phríobháideach, nuair is féidir sin

**Ní foláir an margadh leictreachais a athchóiriú sa chaoi is nach ngabhfaidh sé leor le spriocanna aeráidneodrachta 2050 amháin a bhaint amach, ach go ngabhfaidh tharstu. Dar le CESE, is den mhórthábhacht slándáil an tsoláthair, praghsanna cobhsaí inacmhainne agus an ceart chun fuinnimh a chinntiú ionas gur féidir grúpaí leochaileacha a chosaint.**

Sa tuairim dar teideal Soláthar agus praghsáil an leictreachais san Aontas san am atá romhainn, a eisíodh i mí Eanáir agus a dhréachtaigh **Jan Dirx** agus **Thomas Kattnig**, cuireann CESE ar son samhail rialála rialtais de réir mar is gá sin agus ar son na fiontraíochta príobháidí nuair is féidir. Anuas air sin, molann sé fóntas leictreachais a chur chun cinn.

D’fhéadfadh an fóntas sin a bheith i bhfoirm cuideachta a bhunódh an rialtas. Bheadh ról ag an gcuideachta sin mar chruthaitheoir margaidh sa mhargadh leictreachais, rud a d’fhágfadh ar a cumas cuspóirí áirithe a bhaint amach, mar atá an aeráidneodracht, slándáil an tsoláthair agus praghsanna cobhsaí inacmhainne.

Dar leis an gCoiste, ba cheart tabhairt faoi na hathruithe atá de dhíth ar an margadh leictreachais i dtrí chéim:

- Céim 1 – as seo go 2030

  Forbróidh an fóntas leictreachais an phunann atá aige le cineálacha éagsúla modhanna giniúna fuinnimh (neamh-$CO_2$). Le linn na céime seo, lá roimh ré is ea a dhéanfar an trádáil chumhachta sa mhargadh leictreachais ach tiocfaidh méadú ar thionchar an fhóntais leictreachais ar an margadh.

- Céim 2 – ó 2030 go 2040

  Bainfidh an fóntas leictreachais ionad amach dó féin mar chruthaitheoir margaidh agus rialóidh sé cuid cheart chothrom de thaobh an tsoláthair den mhargadh trí bhíthin conarthaí soláthair. Déanfar trádáil an lae roimh ré a choigeartú dá réir le linn na tréimhse seo.

- Céim 3 – ó 2040 go 2050

  A bhuí leis an bhfóntas leictreachais, bainfear an leas is mó is féidir as taobh an tsoláthair leictreachais d'fhonn soláthar fadtéarmach inbhuanaithe an leictreachais a áirithiú ó 2050 i leith, go nglanastaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa ar leibhéal praghsanna atá cobhsaí intuartha. (mp)

---



## Má tá an tAontas chun a chuid leasanna a chosaint, ní mór dó athmhachnamh a dhéanamh ar a straitéis maidir leis an Artach

**I dteannta a chéile is fearr is féidir linn leasanna dlisteanacha an Aontais i réigiún Eorpach an Artaigh a chosaint, is é sin le rá trí Straitéis AE maidir leis an Aontas a neartaíonn an ról atá ag an tsochaí shibhialta i ngach cinneadh a bhaineann le hábhar. Tá an dlúthchomhar leis an nGraonlainn ríthábhachtach freisin chun go ndéanfaí infheistíocht inbhuanaithe san Artach, rud atá de dhíth ar an réigiún chun bheith rathúil athléimneach.**

Rinne CESE tuairim féintionscnaimh faoi seo a ghlacadh ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Eanáir, *Straitéis na hEorpa a fhorbairt maidir leis an Artach i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta*. Leagtar béim sa tuairim sin ar an ról thar a bheith tábhachtach atá ag an Artach i dtaca le huathriail straitéiseach, athléimneacht agus iomaíochas na hEorpa.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag rapóirtéir na tuairime **Anders Ladefoged**, ar comhalta de CESE é: 'Leis an tuairim nua seo againn, pléimid an beartas AE maidir leis an Artach agus conas a d'fhéadfadh an tAontas an beartas sin a fhorbairt ó thaobh na sochaí sibhialta de. Déanaimid é sin ar bhealach a fhreastalaíonn ar leasanna an Aontais féin agus a fhéachann i ndiaidh mhuintir an réigiúin chomh maith céanna, chun cuidiú leo a bheith athléimneach agus rathúil.

Anuas air sin, molann CESE go ndéanfaí comhairliúchán agus comhar iomlán le pobal dúchais an Artaigh. Sa chomhthéacs sin, seo mar a labhair comhrapóirtéir na tuairime, **Christian Moos**, ar comhalta de CESE é freisin: 'I dteannta a chéile is fearr is féidir linn leasanna na stát i réigiún Eorpach an Artaigh a chosaint. Is féidir linn é sin a dhéanamh trí chomhar a bheith ann idir na Ballstáit i dtuaisceart an Aontais agus trí straitéis Eorpach a thabhairt isteach maidir leis an Artach. Ní mór rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chinntiú agus cearta na muintire áitiúla agus an phobail dúchais a chosaint mar chuid den straitéis sin.'

Tá cás na Graonlainne, a phléitear sa tuairim freisin, an-chosúil le cás an Artaigh Eorpaigh a mhéid a bhaineann leis na dúshláin agus na deiseanna atá ann de thoradh an athraithe mhóir thapa atá ag teacht ar an réigiún.

Maidir leis an nGraonlainn, dúirt an comhrapóirtéir Moos gur 'ríthábhachtach an ní é feabhas a chur ar an gcomhar Eorpach, lena n-áirítear sa Ghraonlainn, chun go ndéanfaí infheistíocht inbhuanaithe sa réigiún ionas gurbh fhéidir leis a bheith rathúil athléimneach.'

Ceann de na rudaí is tábhachtaí do mhuintir na Graonlainne féin ná féinchinntiúchán na ndaoine mar náisiún a neartú faoin mana *Nihil de nobis, sine nobis*, is é sin an prionsabal nár cheart cinneadh ar bith a dhéanamh mura bhfuil gach páirtí páirteach sa phlé. Mar sin féin, meastar gur dlúthchomhghuaillí é an tAontas a bhfuil na luachanna céanna aige agus atá ag an nGraonlainn, cuir i gcás cearta an duine agus an t-idirphlé sóisialta. (at)

---




## Ní mór don Eoraip tús áite a thabhairt don iomaíochas agus don chomhtháthú má tá sí chun fanacht chun tosaigh

**Ní mór don Aontas díriú níos géire ar an mbeartas iomaíochta chun a iomaíochas domhanda a neartú, chun borradh a chur faoin táirgiúlacht, agus chun a áirithiú go leanfaidh an Margadh Aonair de bheith ina cholún den neart eacnamaíoch.**

Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Eanáir, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an tuairim dar teideal *Ról mórthábhachtach an bheartais iomaíochta maidir le hiomaíochas an Aontais Eorpaigh*. Iarrtar sa tuairim go ndéanfaí na geilleagair náisiúnta a chomhtháthú ar bhealach níos doimhne agus go gcuirfí straitéisí státchabhrach níos cliste le chéile chun leas a bhaint as acmhainneacht eacnamaíoch na hEorpa agus chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin dhomhanda, lena n-áirítear an digitiú, an t-athrú aeráide agus an athléimneacht.

Chuir CESE i bhfios go láidir go bhfuil an beartas iomaíochta ríthábhachtach chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht agus an fás eacnamaíoch a chothú. Mar a chuir an rapóirtéir, Isabel Yglesias, in iúl 'Níl aon choinbhleacht idir an iomaíocht agus an t-iomaíochas'. 'Le nósanna imeachta cuíchóirithe, uirlisí solúbtha agus acmhainní leordhóthanacha, is féidir leis an mbeartas iomaíochta rathúnas a spreagadh do ghnólachtaí agus do shaoránaigh an Aontais'.

Le rialacha nua ón Aontas maidir leis an iomaíocht, amhail **an Gníomh um Margaí Digiteach** agus **an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha**, tá aghaidh á tabhairt againn cheana féin ar shaobhadh margaidh agus ag cur le seasamh domhanda an Aontais. Mar sin féin, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí bearta breise chun measúnuithe cumasc a nuachóiriú agus chun a áirithiú go ndéanfar cumaisc atá dírithe ar an nuálaíocht a rialú ar bhealach éifeachtach, fiú má thiteann siad faoi bhun thairseacha reatha an Aontais.

Leagtar béim sa tuairim ar ról ríthábhachtach a ghabhann leis an státchabhair maidir le tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Tá an baol ann, áfach, go mbainfí an bonn den táirgiúlacht agus den fhás le fóirdheontais sa chás go ndéanfaí droch-chomhordú orthu. Léirítear sa staidéar go bhféadfadh borradh níos mó ná 30 % a chur faoin táirgiúlacht dá ndéanfaí comhordú níos fearr san Aontas. Molann CESE go ndéanfaí fóirdheontais a chur i gcomhréir le chéile ar fud na mBallstát chun slabhraí luacha Eorpacha a fheabhsú agus neamhéifeachtúlachtaí a chosc.

Ba cheart na **tionscadail thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna)** agus an **Ciste Eorpach um Iomaíochas** atá beartaithe a dhearadh le dearcadh uile-Eorpach chun an nuálaíocht thionsclaíoch ar mhórscála a spreagadh. Ní mór a áirithiú leis na huirlisí sin go ndáilfear na tairbhí go cothrom ar fud an Aontais, rud a chuirfidh an inbhuanaitheacht agus an athléimneacht chun cinn.

Leagann CESE béim ar an ngá atá leis an méid seo a leanas ionas go mbeidh an tAontas ina cheannaire domhanda:

- Comhtháthú níos fearr chun fóirdheontais mhí-leithdháilte a laghdú agus borradh a chur faoin táirgiúlacht;
- Rialacha níos láidre chun nuálaíocht na hEorpa a chosaint le linn éadálacha eachtracha;
- Nósanna imeachta iomaíochta agus státchabhrach atá simplithe agus níos tapúla chun éifeachtúlacht a mhéadú;agus
- Beartas cumaisc cothromaithe lena gcuirtear nuálaíocht, inbhuanaitheacht agus infheistíocht bonneagair chun cinn. (ll)

---




## Tá iarrtha ag CESE go ndéanfaí athchóirithe ar rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair chun tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta

**D’iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go ndéanfaí athruithe ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le státchabhair chun riachtanais eintitis an gheilleagair shóisialta, a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, a aithint agus freastal ar bhealach níos fearr orthu.**

Sa tuairim uaidh ***Mar is féidir tacú le heintitis an gheilleagair shóisialta i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair: lón machnaimh i bhfianaise mholtaí thuarascáil Enrico Letta***, a glacadh ag an seisiún iomlánach i mí Eanáir, tugann CESE rabhadh nach bhfuil na rialacha reatha ag éirí leo tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil do na fiontair sin, rud a fhágann go ndéanann siad an brabús a athinfheistiú chun cuspóirí sóisialta a bhaint amach seachas é a dháileadh ar na hinfheisteoirí.

‘Ba mhaith linn tuilleadh daoine a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le rialáil éifeachtach maidir le hiomaíocht agus státchabhair d’fhiontair an gheilleagair shóisialta agus do chóras iomlán na seirbhísí leasa ghinearálta araon’, a dúirt rapóirtéir na tuairime, **Giuseppe Guerini**.

Tá breis agus 11 mhilliún duine, i.e. 6.3 % den lucht saothair, fostaithe in eintitis an gheilleagair shóisialta – idir chomharchumainn agus chumainn agus fhondúireachtaí frithpháirteacha – ar fud an Aontais. Oibríonn siad i réimsí amhail seirbhísí sóisialta agus sláinte, fuinneamh in-athnuaite agus laghdú na bochtaineachta. In ainneoin a rannchuidithe, bíonn bacainní sistéamacha roimh go leor acu maidir le caipiteal infheistíochta fadtéarmach a dhaingniú agus maidir le dul i ngleic le próisis soláthair phoiblí faoin gcreat rialála atá ann faoi láthair, ós minic nach dtugtar aird chuí ar a ngné neamhbhrabúis nó dlúthpháirtíocht-bhunaithe.

I measc nithe eile, tugtar chun suntais sa tuairim ó CESE go bhfuil tearcúsáid á baint ag na húdaráis phoiblí as uirlisí atá ann cheana amhail an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine (GBER) agus an creat le haghaidh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEInna).

Is é sin an fáth a bhfuil an Coiste ag iarraidh go ndéanfaí simpliú agus nuachóiriú ar na rialacha faoi GBER atá róchasta agus as dáta chun tacú le fostú oibrithe faoi mhíbhuntáiste agus oibrithe faoi mhíchumas, i gcomhréir le cuid de na moltaí ó Thuarascáil Letta maidir leis an margadh aonair.

Cé gur díol sásaimh é an méadú a rinneadh le déanaí ar uasteorainneacha cabhrach *de minimis* – EUR 300 000 le haghaidh gnáthchuideachtaí agus EUR 750 000 le haghaidh eintitis SGEI – tá CESE ag áitiú freisin go dtabharfaí aghaidh níos fearr ar riachtanais eintitis an gheilleagair shóisialta i réimsí amhail seirbhísí sláinte agus sóisialta trí bhíthin ionstraimí níos saincheaptha, amhail GBER nó forálacha sonracha SGEI. (ll)

---




## Tá gá le hathchóirithe nithiúla agus bearta cinntitheacha chun geilleagar athléimneach, iomaíoch agus cuimsitheach a bhaint amach

**I gcomparáid lena phiaraí domhanda amhail na Stáit Aontaithe, tá dúshláin phráinneacha os comhair an limistéir euro: táirgiúlacht saothair íseal agus an laghdú atá ag teacht ar an iomaíochas agus ar an bhfás eacnamaíoch. Chun an treocht sin a aisiompú, tá straitéis phráinneach chomhordaithe á hiarraidh ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE).**

Sa tuairim uaidh *Beartas eacnamaíoch an limistéir euro do 2025*, leag CESE amach plean chun dlús a chur leis an bhfás tríd an margadh inmheánach a dhoimhniú, tríd an rómhaorlathas rialála a laghdú agus tríd an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú. Ag an am céanna, ní mór do bheartais aghaidh a thabhairt ar threochtaí claochlaitheacha, amhail an intleacht shaorga, agus ar an mbrú a bhaineann le daonra atá ag dul in aois.

Mar gheall ar shuaití seachtracha amhail paindéim COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh, tá dúshláin mhóra eacnamaíocha os comhair an limistéir euro. Cé go ndearnadh iarrachtaí chun cobhsaíocht a bhaint

amach, tá gá le hathchóirithe misniúla mar gheall ar shaincheisteanna amhail éiginnteacht intíre, athruithe déimeagrafacha agus brúnna fioscacha atá ag dul i méid.

Tá cur chuige trí chéim á chur chun cinn ag CESE chun an táirgiúlacht agus an t-iomaíochas a fheabhsú: an margadh inmheánach a dhoimhniú, an beartas tionsclaíoch a chomhordú agus an rómhaorlathas a laghdú. Is rud ríthábhachtach í an inbhuanaitheacht fhioscach, rud a éilíonn creat cothrom, comhar níos láidre ón Aontas agus iarrachtaí chun leas a bhaint as ioncam nár baineadh leas as go fóill. Ní mór borradh a chur faoin infheistíocht, an caipiteal fiontair a mhéadú agus beartais a chur chun feidhme atá fabhrach don nuálaíocht.

Rud ríthábhachtach eile is ea athléimneacht an mhargaidh saothair freisin, rud a éilíonn solúbthacht, pá cothrom, athchóirithe slándála sóisialta agus forbairt scileanna atá dírithe ar an intleacht shaorga. Leagann CESE béim ar an ngá atá le cuntasacht chomhroinnte idir an tAontas agus na Ballstáit agus molann sé go gcuirfí feabhas ar chomhordú na mbeartas. Trí ghníomhaíocht chinntitheach agus infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh, is féidir leis an limistéar euro geilleagar athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe a thógáil don todhchaí (tk).

---




## Tá moill tagtha ar dhul chun cinn SFInna na hEorpa, agus beart maidir leis na córais bhia ag teastáil go géar

**Tá moill shuntasach tagtha ar dhul chun cinn na hEorpa i dtaca leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), rud ar cúis imní é a mhéid a bhaineann le spriocanna 2030 a bhaint amach. I dTuarascáil 2025 maidir le Forbairt Inbhuanaithe na hEorpa, arna foilsiú ag Líonra Réitigh na Náisiún Aontaithe um an bhForbairt Inbhuanaithe (SDSN), léiríodh gur tháinig laghdú faoina leath ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na SFInna idir 2020 agus 2023 i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin.**

Tháinig méadú 1.9 pointe ar an dul chun cinn sa tréimhse idir 2016 agus 2019, ach thit an figiúr sin go 0.8 pointe sna blianta ina dhiaidh sin. Ní hamháin sin ach tá dúshláin chomhshaoil, shóisialta agus gheopholaitiúla ann freisin a bhfuil fás fúthu. Is cúis mhór imní i gcónaí é SFI 2 (Díothú an Ocrais), ós rud é go bhfuil saincheisteanna fós ann ar fud na hEorpa maidir le slándáil an tsoláthair bia agus an inbhuanaitheacht bia.

I staidéar ar leith a rinneadh thar ceann Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), cuireadh i dtreis gur gá aistriú a dhéanamh ó thaobh cothaithe de más uainn tacú leis an talmhaíocht inbhuanaithe agus leis an tsláinte phoiblí.

Anois agus ceannaireacht nua an Aontais i bhfeidhm, tá saineolaithe ag iarraidh go dtabharfar isteach beartais níos láidre agus go ndéanfar infheistíocht níos mó chun dlús a chur leis an dul chun cinn maidir leis na SFInna. Tuigtear go bhfuil an comhar domhanda agus cúrsaí maoiniúcháin ríthábhachtach, agus meastar go ndíreoidh an *4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta* sa Spáinn i mí an Mheithimh 2025 ar

thacaíocht airgeadais i dtaobh na hinbhuanaitheachta a mhéadú.

A mhéid a bhaineann le hiarrachtaí inbhuanaitheachta, meabhraíonn **Guillaume Lafortune**, Leas-Uachtarán SDSN agus príomhúdar na tuarascála, gur casadh breise sa scéal é an teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, ach tá sé féin dóchasach mar sin féin.

'Tá cúrsaí dulta in olcas ar fud an domhain ó thaobh contúirte, éagobhsaíochta agus éiginnteachta de,' a dúirt sé. 'Mar sin féin, tá an fhorbairt inbhuanaithe ag teastáil ó dhaoine, agus ó dhaoine óga go háirithe. Le méid an gheilleagair dhomhanda agus leis na teicneolaíochtaí éagsúla atá ar fáil, tá sé d'acmhainn againn ar fud an domhain an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach ina hiomláine.'

'Is spreagadh ríthábhachtach iad na córais bhia inbhuanaithe chun na SFInna a chur chun feidhme. Chun gníomhaíochtaí a spreagadh, beidh sásraí níos uaillmhianaí de dhíth lena ndéanfar slite beatha feirmeoirí, táirgeoirí bia ar mhionscála agus geallsealbhóirí eile ar fud shlabhra an tsoláthair bia a chosaint. Mar sin féin, ní mór dúinn dul i ngleic le dáileadh éagórach freisin agus aistriú cóir a áirithiú,' arsa **Peter Schmidt**, cathaoirleach na rannóige um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol (Rannóg NAT) in CESE, agus é ag iarraidh, freisin, go gcuirfí borradh faoi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta.

Agus gan ach cúig bliana fágtha, tá cinneadh ríthábhachtach le déanamh ag an Aontas: beart cinntitheach a dhéanamh nó dul sa seans nach gcomhlíonfaidh sé a chuid gealltanas maidir le todhchaí inbhuanaithe chothrom. (ks)

---




## Gradaim an Aontais don táirgeadh orgánach 2025: Cuir iarratas isteach anois!

An 11 Feabhra, d'fhógair Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) seoladh na n-iarratas don cheathrú gradam de Ghradaim an Aontais maidir le Táirgeadh Orgánach. Beidh na hiarratais ar oscailt go dtí an 27 Aibreán 2025.

Déanann na gradaim seo ceiliúradh ar an bhfeabhas atá sa slabhra luacha orgánach, agus tugann siad aitheantas d'iarratais den scoth sna catagóirí seo a leanas: an Feirmeoir Orgánach is Fearr, Cathair, Réigiún, FBM Próiseála Bia, Miondíoltóir, agus an Bhialann/Seirbhís Bia. Déanann CESE maoirseacht ar thrí chatagóir go sonrach:

- An FBM is Fearr le haghaidh Próiseáil Bia Orgánach
- An Miondíoltóir Bia Orgánaigh is Fearr
- An tSeirbhís Bialainne/Bia Orgánaigh is Fearr

Fógrófar na buaiteoirí an 23 Meán Fómhair 2025 (Lá Orgánach an Aontais). Moltar do pháirtithe leasmhara orgánacha – lena n-áirítear feirmeoirí, próiseálaithe, miondíoltóirí agus údaráis phoiblí – iarratas a dhéanamh.

Chun sonraí incháilitheachta agus iarratais a fháil, féach leat suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh. Seoltar ceisteanna faoi chatagóirí atá á mbainistiú ag CESE chuig EUorganicawardsEESC@eesc.europa.eu.

Tacaíonn an tionscnamh seo le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Táirgeadh Orgánach, tionscnamh a chuireann an táirgeadh orgánach agus feasacht na dtomhaltóirí chun cinn. (ks)

---




## Seachtain na Sochaí Sibhialta 2025 – glac páirt sa chomhrá!

**Sa dara heagrán de Sheachtain na Sochaí Sibhialta (2025) in CESE, ón 17 go dtí an 20 Márta, díreofar ar an *gComhtháthú agus an rannpháirtíocht a threisiú sa tsochaí a bhfuil an t-easaontas i réim inti*. Cuir spás in áirithe anseo!**

Tá am fós ann clárú do Sheachtain na Sochaí Sibhialta, ócáid de CESE atá á reáchtáil den dara bliain. Le linn imeachtaí na bliana seo, tiocfaidh sochaí shibhialta na hEorpa, lucht ceaptha beartas an Aontais, saineolaithe, iriseoirí agus tuilleadh nach iad le chéile chun plé a dhéanamh ar cheann de na dúshláin is práinní atá romhainn – olldeighilt ár sochaithe a leigheas.

De thoradh géarchéimeanna a thit amach i gcomhthráth, idir an phaindéim, an t-athrú aeráide, an costas maireachtála a bheith ag dul in airde agus an éagothromaíocht ioncaim a bheith ag dul in olcas – tá scoilt nimhneach tagtha chun cinn ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, rud a ghéaraíonn na deighiltí sóisialta, a laghdaíonn muinín atá ag an bpobal as na hinstitiúidí daonlathacha, agus a chuireann brú ar aontacht an phobail.

Sa chomhthéacs sin, is glao chun gnímh í **Seachtain na Sochaí Sibhialta 2025** chun comhtháthú sóisialta a chothú agus rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú. Trí bhíthin díospóireachtaí bríomhara agus ceardlanna comhoibríocha, san fhóram seo a mhairfidh ceithre lá, cuirfear deis ar leith ar fáil do gach rannpháirtí páirt a ghlacadh i bplé criticiúil, dea-chleachtas a roinnt, agus obair a dhéanamh i gcomhar le chéile chun réitigh phraiticiúla a fhorbairt.

#### Céard a bheidh i gceist?

Le linn Sheachtain na Sochaí Sibhialta 2025 beidh díospóireachtaí painéil ann faoi stiúir **Ghrúpa Idirchaidrimh CESE**, ceiliúrfar **Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh** agus reáchtálfar searmanas bronnta **Dhuais Sochaí Sibhialta CESE**.

Is í an scoláire, scríbhneoir agus tráchtaire polaitiúil, **Albena Azmanova** a chuirfidh tús leis an tseachtain. Tabharfaidh sise eochairóráid a mbeidh lón machnaimh inti agus a réiteoidh an bealach don phlé ina diaidh.

Sa phainéal ardleibhéil a bheidh ann ina dhiaidh sin, cíorfar an cheist an bhfuilimid **'Aontaithe san Éagsúlacht i gcónaí?'**. Ar an bpainéal beidh Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa **Younous Omarjee**; Aire na Sochaí Sibhialta thar ceann Uachtaránacht na Polainne **Adriana Porowska**; Uachtarán CESE **Oliver**

**Röpke**; Comhchathaoirleach Ghrúpa Idirchaidrimh CESE **Brikena Xhomaqi**; Ardrúnaí Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na hEorpa **Petros Fassoulas**; agus **Mădălina-Mihaela Antoci** ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg sa Mholdóiv.

Le linn Sheachtain na Sochaí Sibhialta, cíorfaimid an méid a leanas: mar is féidir leis an oideachas sibhialta cuidiú le bearnaí a dhruidim, mar is féidir leis an Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht gan a luachanna a chur i mbaol, agus mar is féidir tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inbhuanaithe agus aghaidh á tabhairt san am céanna ar an mbochtaineacht fuinnimh agus tacaíocht á tabhairt don mhaireachtáil ilghlúine. Pléifimid freisin na bealaí chun an tsochaí shibhialta a neartú trí thacaíocht phoiblí agus dhaonchairdiúil, mar is féidir linn a chinntiú go léirítear riachtanais áitiúla i mbeartais an Aontais i dtaca leis an aistriú glas agus gorm, agus mar is féidir an tsochaí shibhialta ar fud na hEorpa a aithint, a chosaint agus dul i dteagmháil léi ar bhealach níos éifeachtaí.

I seisiún speisialta a óstálfar i gcomhpháirt le Parlaimint na hEorpa, díreofar go sonrach ar an **gCreat Airgeadais Ilbhliantúil** (CAI) agus ar na himpleachtaí atá aige don tsochaí shibhialta.

#### Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh 2025

**An 18 Márta**, **Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh**, díreofar aird ar uirlis chumhachtach an daonlathais rannpháirtíochta, is é sin **an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**. Leis an tionscnamh seo, a tugadh isteach le Conradh Liospóin, tugtar deis do shaoránaigh a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht nua an Aontais a mholadh maidir le saincheist áirithe. Le go ndéanfaidh an Coimisiún breithniú air, ní mór d’eagraithe 1 mhilliún síniú a bhailiú chun tacú lena gcúis.

Trí dhíospóireachtaí ardleibhéil agus ceardlanna idirghníomhacha, cíorfaidh na rannpháirtithe ábhair thábhachtacha amhail ról an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh maidir le dul i ngleic leis an olldeighilt sa tsochaí agus bealaí chun tacaíocht níos láidre a chothú ar fud na mBallstát. Cuirfear béim ar leith ar mar is féidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh le go gcloisfear guth na saoránach i gceapadh beartas na hEorpa.

Beidh deis ar leith ag rannpháirtithe freisin teagmháil dhíreach a dhéanamh le lucht eagraithe Tionscnamh Eorpach – idir thionscnaimh a eagraíodh cheana féin, atá á n-eagrú faoi láthair, agus a eagrófar amach anseo – chun dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a mhalartú i dtaca lena bhfeachtais féin.

Ina theannta sin, léireoidh an t-imeacht a thábhachtaí atá sé straitéisí tionchair a bheith ann chun Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh agus painéil saoránach a dhéanamh níos éifeachtaí, go háirithe maidir lena dhóichí atá sé go ndéanfadh institiúidí an Aontais obair leantach reachtach dá dtoradh.

#### Duais na Sochaí Sibhialta 2025

I measc nithe eile, is ar an lá deireanach de Sheachtain na Sochaí Sibhialta 2025 a reáchtálfar **an 15ú searmanas bronnta de Dhuais Sochaí Sibhialta CESE**.

Is é is aidhm do Dhuais na Sochaí Sibhialta feasacht a mhúscailt faoin sárobair a dhéanann an tsochaí shibhialta chun féiniúlacht agus saoránacht Eorpach a chruthú agus chun na luachanna coiteanna a threisíonn an lánpháirtiú Eorpach a chur chun cinn. Bronntar an duais gach bliain ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta as a dtionscadail neamhbhrabúis nuálacha chruthaitheacha a dhíríonn ar théamaí éagsúla a bhaineann leis an Aontas Eorpach.

I mbliana, bronnfar an duais ar thrí thionscadal a théann i ngleic le deighilt dhíobhálach na sochaí san Aontas.

Tiocfaidh an tSeachtain chun chríche le seisiún dinimiciúil clabhsúir. I measc na gcainteoirí, beidh Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh (le deimhniú); Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa **Katarina Barley**; Uachtarán CESE **Oliver Röpke**; agus Ardrúnaí Fhondúireacht an Lárionaid um an Daonlathas sa tSeirbia, **Nataša Vučković**.

**Glac páirt sa chomhrá!**

A bhuí lena ceithre lá de phlé léirsteanach, de chainteoirí ardleibhéil spreagúla agus de dheiseanna líonraithe iontacha, is cinnte gur imeacht í Seachtain na Sochaí Sibhialta 2025 nár mhaith leat a chailleadh. Cuir spás in áirithe inniu agus bí linn chun an comhrá a athrú. Tá tábhacht le do ghuthsa má táimid chun Eoraip chomhtháite rannpháirtíoch a thógáil!

Tá an clár iomlán ar fáil anseo.

Cláraigh anseo roimh an 12 Márta. (ma)

---




## Imeacht bhliantúil CESE don Óige – cruinniú de cheannairí an lae amárach

**An 13 agus an 14 Márta 2025, déanfaidh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) an imeacht bliantúil a eagraíonn sé don óige, Leatsa an Eoraip, Abair Leat! a óstáil. (YEYS)Leis an imeacht seo, tabharfar le chéile níos mó ná 130 rannpháirtí ó gach cearn den Eoraip agus níos faide i gcéin. Ócáid speisialta atá ann lena thugtar le chéile daltaí meánscoile, ionadaithe ó eagraíochtaí óige, agus toscairí ó chomhairlí náisiúnta óige, idir 16 agus 25 bliana d’aois, ó gach ceann de 27 mBallstát an Aontais, ó na 9 dtír is iarrthóirí, agus ón Ríocht Aontaithe.**

Eagrófar sraith ceardlann, painéal agus pléití mar chuid den imeacht agus ar an mbealach sin cruthófar ardán do dhaoine óga chun rannchuidiú go gníomhach le todhchaí na hEorpa a mhúnlú. I mbliana, is é ‘Guth a thabhairt don Óige’ an teideal atá leis an imeacht agus tabharfaidh na rannpháirtithe aghaidh ar thopaicí ríthábhachtacha amhail an inbhuanaitheacht, an cuimsiú sóisialta, an claochlú digiteach, i measc go leor ábhar eile.

Úsáidfear torthaí an phlé sin agus na léargais a bhaileofar don dara leagan de Sheachtain na Sochaí Sibhialta de chuid CESE agus cuirfear chun cinn iad freisin ag an gCruinniú Eorpach um an Óige (EYE) eagróidh Parlaimint na hEorpa i mí an Mheithimh 2025, in Strasbourg.

Leis an imeacht seo, leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na hóige a thrasuí sa ghníomhaíocht shibhialta, sa daonlathas rannpháirteach agus i gceapadh beartas Eorpach.

Bí ag faire amach chun na torthaí a fháil chomh maith le faisnéis ar na tionscnaimh a eascróidh as an gcruinniú tábhachtach seo. (kc)

# NEWS FROM THE GROUPS




## An Compás Iomaíochais: céim thráthúil a chuirfidh athbheocht in inneall eacnamaíoch na hEorpa

***Le Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí in CESE***

**An 29 Eanáir, ghlac an Coimisiún Eorpach an Compás Iomaíochais. Is céim mhórthábhachtach thráthúil é seo a chuirfidh athbheocht in inneall eacnamaíoch na hEorpa, rud a leagfaidh amach cúrsa an Aontais do na cúig bliana atá amach romhainn.**

Le fada an lá, tá fostóirí an Aontais ag cur ar son clár oibre uileghabhálach iomaíochais. Is díol sásaimh dúinn, mar sin, na trí cholún ar a bhfuil an compás seo bunaithe, eadhon an bhearna sa nuálaíocht agus sa táirgiúlacht a dhúnadh, an dícharbónú agus an t-iomaíochas a cheangal le chéile, sin agus a bhfuil de spleáchais ann a laghdú ar mhaithe le daingniú na slabhraí soláthair. Níl áireamh ar a thábhachtaí atá na colúin sin chun deis cheart a thabhairt don Eoraip dul san iomaíocht ar fud an domhain, tallann a mhealladh agus a choinneáil, agus an nuálaíocht a chothú.

Ina dhiaidh sin is uile, ní bheidh rath ceart ar an gCompás nó go leagfar amach bearta nithiúla agus go gcuirfear chun feidhme in am is i dtráth iad. Beidh ról cinniúnach cinntitheach ag tionscnaimh mhórthábhachtacha áirithe, cuir i gcás an pacáiste Omnibus um Shimpliú, an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan agus an straitéis chothrománach arb é is aidhm di an margadh aonair a dhoimhniú. Mar sin féin, ní leor straitéisí athbhrandáilte agus teidil mhealltacha chun sinn a chosaint ar na dúshláin atá romhainn.


Mar shampla, is éard is gá a dhéanamh ar dtús toisc práinn a bheith leis ná **an creat rialála a shimpliú**. Céim riachtanach eile is gá a thabhairt ná an rómhaorlathas a laghdú agus nósanna oibre tapa solúbtha a chur chun cinn ina ionad sin. Le blianta fada, tá gnólachtaí an Aontais ag streachailt leis an róchastacht agus le próisis chinnteoireachta mhalltriallacha. Is gá dúinn freisin **an tseiceáil iomaíochais** a chur chun feidhme ar shlí fhónta fhiúntach ionas gur cuidiú iad na bearta reachtacha agus rialála nua le fás a chur faoi ghnólachtaí in ionad bac a chur orthu.

Dírítear sa Chompás, mar is ceart, ar **an nuálaíocht a chothú trí Aontas láidir na Margaí Caipitil** agus ar a bhfuil de bhacainní struchtúracha rompu a chur as an tslí ionas gur féidir **leas a bhaint as acmhainneacht na hEorpa i dtaca le teicneolaíocht dhomhain, fuinneamh glan agus ardmhonaraíocht**. San am céanna, tá éiceachóras torthúil á chruthú san Aontas do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis.

Is follas ón gcaoi nár tugadh Aontas na Margaí Caipitil i gcrích go fóill nach acmhainn dúinn a thuilleadh moille a dhéanamh. Siúd is go gcuireann an Compás comhordú níos fearr ar infheistíochtaí rialtais náisiúnta chun cinn, níl plean soiléir ann a fhad a bhaineann le foinsí coiteanna cistiúcháin eile. Bíodh sin mar atá, ní fhanfaidh an domhan linn.

Tá tús curtha leis an rás, rud a fhágann gur mithid dúinn géarú ar na maidí anois nó riamh. Ní hamháin gur fíor-riachtanas eacnamaíoch é an t-iomaíochas a chur chun cinn, ach ní féidir an rathúnas comhroinnte a ghealladh do chách dá éagmais. **Is cuid den réiteach iad na gnólachtaí Eorpacha agus sin mar a bheidh feasta.**

---



## Is maith an rud é an t-iomaíochas, ach cad é an praghas atá air? Níor cheart don Eoraip cúlú ar chearta sóisialta agus saothair a cheadú

***Le Grúpa na nOibrithe in CESE***

**Tá rabhadh á thabhairt ag Grúpa na nOibrithe in CESE nár cheart na cearta sóisialta agus cearta na n-oibrithe, cearta atá saothraithe go maith, a chur i leataobh sna hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an Aontas chun leanúint de bheith iomaíoch sa gheilleagar domhanda. I bhfianaise na n-éileamh ar dhírialáil mhéadaithe, níor cheart don Aontas dul siar ar phríomhreachtaíocht, amhail Colún Eorpach na gCeart Sóisialta.**

I bhfianaise na moltaí i dtuarascálacha Draghi agus Letta, d’eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir leis an gCompás Iomaíochais arb é is aidhm dó, in éineacht leis na tionscnaimh chothrománacha a mholann sé, borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí na ngnólachtaí. Is é an sprioc atá ann buntáiste iomaíoch na hEorpa a neartú.

Is cúis mhór imní do Ghrúpa na nOibrithe go bhfuil baol ann go gcuirfear moill ar chearta sóisialta agus saothair sa phróiseas sin, ós rud é gur cosúil gur roghnaigh an tAontas cos a choinneáil le geilleagair iomaíocha eile ar ais nó ar éigean.

Sin an fáth ar mhol Grúpa na nOibrithe sraith tuairimí féintionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar shaincheist an iomaíochais ó thaobh bhreisluach an chaipitil dhaonna de.  Sampla den mhéid sin is ea an togra maidir leis an tuairim ‘Ról na gceardchumann maidir le táirgiúlacht a fheabhsú’. Beidh sé d’aidhm ag an tuairim a léiriú gurb í an infheistíocht i gcaipiteal daonna (oibrithe), agus sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht, go príomha, is cúis leis an táirgiúlacht san Aontas (a mbíonn tionchar aici ar an iomaíochas).

Sa chomhthéacs sin, leagtar béim ar phríomhról na gceardchumann, ós rud é go dtugann siad oibrithe aonair le chéile trí chómhargáil agus trí ghníomhaíocht chomhchoiteann, rud a mhúnlaíonn dinimic an mhargaidh saothair chun cabhrú le geilleagar iomaíoch a bhaint amach.

Ar an gcaoi chéanna, beidh sé d’aidhm ag staidéar de chuid Ghrúpa na nOibrithe atá ar na bacáin staid na himeartha maidir le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a mheas agus meastóireacht a dhéanamh uirthi. Beidh an staidéar ina uirlis thábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar an mbeartas sóisialta, ós rud é go bhfuiltear ag súil go ndíreoidh an Eoraip go príomha ar a geilleagar agus í sa tóir ar an iomaíochas.

Ar deireadh, ag an gcruinniú a bheidh aige i mí Aibreáin den Chatagóir *Guth na n-oibrithe ar mhaithe le rannpháirtíocht dhaonlathach bhreise*, scrúdóidh Grúpa na nOibrithe na hiarrachtaí atá beartaithe chun ualaí rialála ar ghnólachtaí a laghdú – rud a mheastar a bheith ina thoisc a chuireann moill ar iomaíochas na hEorpa – agus ar a dtionchar ar dhlíthe an Aontais lena gcosnaítear oibrithe agus an comhshaol, go háirithe i gcomhthéacs an díchill chuí agus an tuairiscithe ar inbhuanaitheacht chorparáideach.

---




## Staidéar nua ó CESE dírithe ar thithíocht inacmhainne inbhuanaithe san Aontas Eorpach

***le Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE***

**Idir 2010 agus 2022, tháinig ardú 47 % ar phraghsanna tithíochta san Aontas. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 18 % ar chíosanna. De réir Eurostat, in 2023, chaith os cionn 10 % de na teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i gcathair agus 7 % díobh siúd i gceantair thuaithe breis agus 40 % dá n-ioncam indiúscartha ar chóiríocht. Chun léargas níos fearr a thabhairt ar ar féidir linn a dhéanamh chun an tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne agus níos inbhuanaithe do mhuintir uile na hEorpa, rinne CESE staidéar a choimisiúnú ina bhfiosraítear réitigh bheartais éagsúla. Anseo thíos, cuirimid agallamh ar chomhúdair an staidéir an t-eacnamaí Agnieszka Maj agus Karolina Zubel, Stiúrthóir Comhshaoil, Fuinnimh agus Athraithe Aeráide leis an Lárionad um Thaighde Sóisialta agus Eacnamaíoch (CASE), chun plé a dhéanamh ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn.**

**Cad leis a mbaineann an staidéar seo ó CESE agus cén tábhacht atá leis?**

Is staidéar é seo ar thithíocht inacmhainne inbhuanaithe san Aontas Eorpach, nó ar an ngá atá léi. Leagtar béim ann ar an ról atá ag an digiteáil (an intleacht shaorga, ceadanna digiteacha tógála, bunachair sonraí ábhartha) agus ag struchtúir an gheilleagair shóisialta. Caitear súil ar roinnt cás-staidéar chun spléachadh a thabhairt dúinn ar roinnt iarrachtaí nuálacha atá déanta chun feabhas a chur ar chúrsaí inacmhainneachta, inrochtaineachta agus inbhuanaitheachta i réimse na tithíochta. Cuirtear roinnt moltaí inghníomhaithe chun cinn sa staidéar le haghaidh 2030 agus 2050, i gcomhréir le spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht, cothromas sóisialta agus fás eacnamaíoch. Tugtar forléargas straitéiseach ann freisin chun cabhrú linn beartais tithíochta a chur in oiriúint do dhúshláin atá ag athrú, gan dea-bhail an phobail a ligean i ndearmad.

**Cad iad príomhthorthaí an staidéir?**

Tugann an digiteáil deis shuntasach dúinn feabhas a chur ar chúrsaí éifeachtúlachta i bpleanáil, tógáil agus bainistiú tithíochta. D’fhéadfadh sí, cuir i gcás, costais a laghdú agus inbhuanaitheacht a fheabhsú. Mar sin féin, tá an méid is féidir a choigilt a bhuí leis an digiteáil srianta faoi láthair toisc bacainní a bheith ann a fhágann nach féidir forbairtí digiteacha a ghlacadh. Ar na príomhbhacainní sin, tá dearcthaí na ngeallsealbhóirí traidisiúnta, an toradh íseal a mheastar a bhíonn ar infheistíocht, costais arda cur chun

feidhme, agus easpa dreasachtaí, oiliúna agus rialachán. Ionas gur féidir leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na digiteála, tá sé ríthábhachtach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sa bhonneagar digiteach, mar shampla chun gur féidir le hardáin dhigiteacha a bheith idir-inoibritheach.

Nuálaíocht beartais a bhfuil gealladh fúithi is ea eintitis an gheilleagair shóisialta (comhlachais tithíochta brabúis theoranta, eagraíochtaí leasa phoiblí, comharchumainn) a thabhairt isteach san obair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin tithíochta atá ann faoi láthair. Cuireann na heintitis sin réitigh tithíochta chostéifeachtacha dhea-dheartha ar fáil a chothaíonn comhtháthú pobail agus a chuireann cobhsaíocht fhadtéarmach tithíochta chun cinn. Sa Vín, mar shampla, cuirtear 30 % de gach teach a thógtar i leataobh do thithíocht neamhbhrabúis agus tithíocht brabúis theoranta. Tá ról thar a bheith tábhachtach aige sin maidir le margadh tithíochta na cathrach a chobhsú trí thionchar maolaithe ar phraghsanna a chothú. Cabhraíonn sé sin leis an tithíocht a ligtear ar cíos a choinneáil inacmhainne agus fágann sé nach mbíonn aon saobhadh margaidh ann.

**Ar bhonn na dtorthaí, cad iad na príomhbhearta a mholfadh sibh agus cé na réimsí taighde eile ba cheart a fhiosrú?**

Sa mheántéarma, ba cheart tús áite a thabhairt i mbeartais tithíochta an Aontais do 'Chomhaontú Nua Eorpach le haghaidh Tithíocht Shóisialta Inbhuanaithe Inacmhainne' a thabhairt isteach chomh maith le 'Treoir Tithíochta' chun go mbeadh cur chuige aontaithe ann ar fud na mBallstát. Ba cheart do na tíortha samhlacha nuálacha a chur chun cinn, comharchumainn agus tithíocht brabúis theoranta, cuir i gcás. Ba cheart dóibh freisin tacaíocht airgeadais sholúbtha a chur ar fáil agus uirlisí digiteacha a ghlacadh chucu chun réitigh tithíochta a fheabhsú.

San fhadtéarma, ba cheart cur chuige straitéiseach inbhuanaithe a ghlacadh i dtaca le beartais tithíochta agus béim a leagan ar réitigh áitiúla agus ar fhaireachán leanúnach. Ní mór an digiteáil a rialú ar mhaithe lena caighdeánú agus cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chur ar bun, amhail iasachtaí bainc a dheonú le haghaidh cúrsaí ciorclaíochta san earnáil tógála, dreasachtaí cíosa a thabhairt bunaithe ar éifeachtúlacht fuinnimh, agus tionscnaimh maoiniúcháin a thosú ar leibhéal an phobail áitiúil. Anuas air sin, ba cheart coincheap na 'tithíochta sóisialta' a leathnú chun teaghlaigh atá ar mheánioncam a chur san áireamh. Bheadh sé sin cosúil le samhail na 'tithíochta sochaí' atá ann sa Vín, a chuireann meascán sóisialta chun cinn agus a chuireann cosc ar an uaisliú. Tá sé thar a bheith tábhachtach freisin go ndíreofaí ar thithíocht nua a thógáil agus ar athchóirithe agus go mbainfí athearraíocht as foirgnimh nach bhfuil in úsáid chun freastal go héifeachtach ar riachtanais tithíochta.

Ba cheart díriú sa taighde a dhéanfar amach anseo ar chuir chuige chuimsitheacha i dtaca le pleanáil uirbeach, tógáil agus soláthar tithíochta chun feabhas a chur ar an teacht atá ag na saoránaigh go léir ar thithíocht. Ba cheart breathnú ann freisin ar an tionchar atá ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail an intleacht shaorga agus an t-uathoibriú, ar choigilteas costais agus ar éifeachtúlacht i bhforbairt agus i mbainistiú tithíochta. Ar deireadh, ba cheart taighde a dhéanamh ar na samhlacha nuálacha tithíochta atá ann ar fud na mBallstát chun straitéisí a shainaithint a d'fhéadfadh inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht araon a fheabhsú.

*Rinne CESE an staidéar a choimisiúnú arna iarraidh sin do Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta.*

# SOON IN THE EESC/CULTURAL EVENTS



## Tá teipthe ar an gcompás iomaíochais an dá thrá a fhreastal: riachtanais gnólachtaí agus cearta oibrithe

**Tá diúltaithe ag Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC), príomheagraíocht ceardchumainn na hEorpa a dhéanann ionadaíocht ar 45 mhilliún oibrí ar an leibhéal Eorpach, tacú leis an gcompás iomaíochais –– treoirphlean an Choimisiúin Eorpaigh chun dlús a chur le geilleagar an Aontais Eorpaigh. De réir mar a fheictear do CEC é, ní féidir glacadh leis an gcompás mar atá sé faoi láthair. Labhraíomar le hArdrúnaí CEC, Esther Lynch, faoi phríomhagóidí na n-oibrithe atá i gcoinne an chompáis agus faoina bhfuil i ndán do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, tráth atá éilimh nua ag teacht chun cinn an rialáil mhaolú agus díriú níos mó ar an iomaíochas. Tá sé curtha in iúl cheana féin ag ceardchumainn an Aontais nach mó ná sásta atá siad faoin bplean is déanaí ón gCoimisiún Eorpach chun athbheocht a chur i ngeilleagar an Aontais. I do thuairimse, cad é an locht is mó atá ar chompás iomaíochais an Choimisiún? An bhfuil aon togra nó tograí ar leith sa phlean a chuireann imní ort?**

An fhadhb is mó a bhaineann le compás iomaíochais an Choimisiúin Eorpaigh ná go dtugtar tús áite don díriailáil, seachas do na hinfheistíochtaí is gá chun poist ardcháilíochta a chruthú, beartas tionsclaíoch Eorpach láidir a fhorbairt agus seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a chinntiú. Ar an gcaoi chéanna, cé go n-aithnítear sa chompás cé chomh tábhachtach agus atá poist ardcháilíochta do gheilleagar iomaíoch, ní mholtar an reachtaíocht ba ghá chun cearta a threisiú, dálaí oibre a fheabhsú agus cómhargáil a chur chun cinn. Ina áit sin, is í an díríaláil a chuirtear san áireamh ann, rud atá ar neamhréir lena bhfuil ag teastáil agus a d’fhéadfadh dálaí oibre ní ba mheasa agus neamhdheimhneacht post a chruthú.

Ar na tograí is mó a chuireann imní orm, tá an ceann chun an 28ú córas cuideachtaí a thabhairt isteach. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas do chuideachtaí feidhmiú taobh thall de dhlíthe saothair náisiúnta. Tá an baol ann go ndéanfadh sé sin an bonn a bhaint go mór ó reachtaíocht fostaíochta ar fud na hEorpa agus go gcruthódh sé an sodar go grinneall ó thaobh cearta agus cosaintí oibrithe de.

Ar an dul céanna, is rud é a chruthódh an t-uafás fadhbanna cosc a chur ar an ‘rórialáil’ – cumas na rialtas breis reachtaíochta a thabhairt isteach thar na híoschaighdeáin a socraítear le treoracha AE. Murab ionann agus rialacháin AE, is é an smaoineamh atá taobh thiar de threoracha AE ná go leagann siad íoschaighdeáin síos do gach tír. Má tharlaíonn go ndéanfaí uasteorainn de na híoschaighdeáin sin, ní hamháin go mbainfí an bonn den smaoineamh sin atá taobh thiar de threoracha AE, ach ba bhuille thubaisteach é don lucht oibre. Scriosfaí gach aon dul chun cinn atá déanta, dá dheacra a bhí sé, i réimsí amhail an cúram sláinte, an t-oideachas, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus pá cothrom

Anuas air sin, iarrtar sa chompás go ndéanfaí athchóiriú ar chóras na bpinsean chun an saol oibre níos faide a chur sa mheá. Cruthaíonn sé sin fadhbanna eile mar cuireann sé ualach míchuí ar oibrithe gan aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le córais pinsin atá inbhuanaithe agus cothrom.

Rud eile de, is compás é atá go mór le leas na ngnólachtaí sa chaoi go ndéantar a lán gealltanas do ghrúpaí gnó gan aon tiomantas nithiúil reachtaíocht a thabhairt isteach a bheadh le leas an lucht oibre. Áirítear leis sin easpa beart chun a chinntiú go n-úsáidfear infheistíochtaí poiblí le poist ardcháilíochta a chruthú seachas díreach brabúis chorparáideacha a mhéadú.

A fhad ar a ghiorracht, tá teipthe ar an gcompás iomaíochais an dá thrá a fhreastal, is é sin le rá riachtanais gnólachtaí agus cearta oibrithe. Fágann sé sin nach féidir glacadh leis mar atá sé faoi láthair.

**An ndéarfá go bhfuil cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i mbaol mar gheall ar an méid sin?**

Go teoiriciúil, tá an Coimisiún tiomanta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud a chuir sé ar pár arís eile i gClár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2025 a d'fhoilsigh sé le déanaí. Go praiticiúil, áfach, murab ionann agus gach clár oibre a bhí ann ó 2019, níl aon tionscnamh reachtach sóisialta sa chlár oibre le haghaidh 2025.

I gcontrárthacht leis sin, tá ocht bpíosa reachtaíochta 'simpliúcháin' molta ag an gCoimisiún don bhliain amach romhainn. Ní maith le duine ar bith a bheith ag plé leis an iomarca riaracháin agus tá réitigh ar an scéal sin á moladh go gníomhach ag ceardchumainn, cuir i gcás na rialacha maidir le soláthar poiblí.

Mar sin féin, is léir nach n-éireoidh linn na fadhbanna atá os comhair na hEorpa a fhuascailt trí dhul i muinín an tsimpliúcháin.

Is é an bhagairt is mó atá ar chur chun feidhme Cholún na gCeart na fógraí ar fud na hEorpa go bhfuil na sluaite daoine le scaoileadh as a bpost. Cuirfidh sé sin pá agus slándáil poist i mbaol, chomh maith le pinsin, cosaint shóisialta agus prionsabail go leor eile den Cholún.

Is gá infheistíochtaí a chinntiú chun poist ardcháilíochta a chosaint agus a chruthú. Áirítear air sin ionstraim SURE 2.0 maille le hionstraim láidir infheistíochta AE. Caithfear freisin na tionscnaimh reachtacha is gá a thabhairt isteach chun poist ardcháilíochta a ráthú.

**Más rud é nach é réiteach na faidhbe ualaí rialála a laghdú, cad ba cheart don Aontas a dhéanamh chun go mbeadh a thuilleadh tábhachta leis sa chomhthéacs eacnamaíoch domhanda atá ann faoi láthair?**

Easpa infheistíochta, sin is cúis le daoine do bheith á scaoileadh as a bpost. Is fíor an méid sin i gcás infheistíocht phríobháideach agus infheistíocht phoiblí araon.

Seachas infheistíochtaí a úsáid le hoibrithe a íoc nó leis an taighde agus an fhorbairt a bhfuil géarghá leo a dhéanamh, tá siad á n-úsáid ag corparáidí chun íocaíochtaí amach díbhinne – nach ngineann mórán brabúis – nó chun scaireanna a aischeannach. Is cleachtas é sin a chuireann bac ar fhorbairtí glasa agus teicneolaíochta san Eoraip.

Le blianta beaga anuas, tá na Stáit Aontaithe agus an tSín tosaithe ar an uafás infheistíochtaí poiblí a dhéanamh. San Aontas Eorpach, áfach, bhíothas gafa le gnó eile: rialacha nua a ghlacadh le hiallach a chur

ar na Ballstáit ciorruithe déine a dhéanamh.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go n-athródh an tAontas an scéal sin gan mhoill. Réamhchoinníoll chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme is ea infheistíocht phoiblí a dhéanamh ar mhórscála, agus ceanglais shóisialta a leagan síos chun a chinntiú go gcruthódh na hinfheistíochtaí sin poist ardcháilíochta.

*Is í Esther Lynch Ardrúnaí Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC). Tá taithí fhairsing aici ar bheith ag obair le ceardchumainn in Éirinn, san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus chaith sí seal ina Leas-Ardrúnaí agus ina Rúnaí Cónaidhme ag CEC. Sna róil sin, d'oibrigh sí chun cearta oibrithe agus cearta ceardchumann a neartú. Bhí tionchar aici ar phríomhthreoracha maidir le pá íosta leordhóthanach, dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha, agus sceithireacht. Bhí sí i gceannas ar fheachtais ar son Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus pá chothroim. A bhuí lena hobair, d'éirigh léi 15 theorainn nochta atá ceangailteach ó thaobh dlí de a leagan síos maidir le carcanaiginí, chomh maith le comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta maidir le digiteáil agus tocsain maidir le hatáirgeadh. Agus í ina feimineach amach is amach, oibríonn Esther chun nach ndéanfaí beag is fiú arís eile ar an obair a dhéanann mná den chuid is mó.*

*Déanann CEC ionadaíocht ar 45 mhilliún ball ó 94 eagraíocht ceardchumann in 42 thír Eorpacha, sa bhreis ar 10 gcónaidhm Eorpach na gceardchumann.*

---



## Is céim sa treo ceart í an dírialáil atá fógartha

**Le Kinga Grafa**

**Tá gnólachtaí san Eoraip fós thíos le rómhaorlathas, le hilroinnt rialála agus le costais atá ag dul i méid. De dheasca na ró-rialála, cuirtear bac ar a bhfás agus cuirtear cosc orthu coinneáil suas le hiomaitheoirí ó chodanna eile den domhan. Ní féidir leis an Eoraip leanúint de bheith ag dul thart i gciorcail. Is fíorathrú atá de dhíth ar fhiontraithe, seachas anailís bhreise ar na bacainní céanna arb eol dúinn leis na blianta. Dar le Kinga Grafa ó Chónaidhm Ghnólachtaí na Polainne, Lewiatan, is tráthúil anois beart a dhéanamh de réir an bhriathair.**

Chuir an Coimisiún Eorpach an Compás Iomaíochais i láthair le déanaí. Treochlár do na cúig bliana amach romhainn atá ann lena bhféachtar le seasamh eacnamaíoch an Aontais a neartú agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí Eorpacha. An cur chuige atá á mholadh ag an gCoimisiún, is é an cur chuige ceart é. Is le fada an lá atá athruithe den chineál sin á n-iarraidh ag gnólachtaí agus an t-iomaíochas agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí atá acu. Más mian leis an Aontas a bheith ina iomaitheoir domhanda, ní mór dó gníomhú láithreach. Agus geilleagar láidir mar bhonn againn, ní mór dúinn an rialáil a chuíchóiriú, costais fuinnimh a laghdú agus tacaíocht éifeachtach a chinntiú don infheistíocht agus don nuálaíocht. I bhfianaise na timpeallachta geopholaitiúla luainí atá ann, ní mór comhaontuithe saorthrádála a thabhairt chun críche le príomh-chomhpháirtithe freisin, mar shampla, comhaontuithe lena gcumhdaítear rochtain ar amhábhair chriticiúla.

Ar na laethanta seo, tá gnólachtaí san Eoraip fós thíos le rómhaorlathas, le hilroinnt rialála agus le costais atá ag dul i méid. Tá iomaitheoirí ó chodanna eile den domhan ag fás ar bhonn níos tapa agus cuireann an ró-rialáil bac ar fhás ghnólachtaí na hEorpa. Ní mór don Choimisiún Eorpach athchóirithe sonracha a chur chun cinn a chuirfidh feabhas dáiríre ar thimpeallacht ghnó an Aontais. Leis an gCompás Iomaíochais, tugtar aghaidh ar na príomhbhacainní atá ar an bhfás agus an táirgiúlacht san Aontas, amhail costais arda fuinnimh, ró-rialáil agus ganntanais scileanna agus lucht saothair. Is maith an cur chuige é sin ach, thar aon ní eile, is tábhachtach é a chur i bhfeidhm. Chuige sin, is gá tograí reachtacha agus pleananna gníomhaíochta a thabhairt isteach a chuireann an t-iomaíochas chun cinn seachas cosc a chur air.

Tá an margadh aonair ar cheann de na héachtaí is mó atá bainte amach a bhuí le lánpháirtiú na hEorpa, ach ní mór leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an mhargaidh sin. Is ábhar frustrachais é go bhfuil na bacainní céanna, bacainní a bhí ann 20 bliain ó shin, fós ar an margadh aonair. Tá deis anois ag Uachtaránacht na Polainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh é sin a athrú agus is príomhthosaíocht í an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Is mór is tábhachtach an méid sin, ní hamháin don earnáil iompair, ach freisin do chuideachtaí a thairgeann seirbhísí gairmiúla, a bhfuil a líon ag dul i méid i gcónaí. Ar an drochuair, ní leor an aird a thugtar ar an tsaincheist sin i dtuarascálacha Letta agus Draghi. Dírítear i dtuarascáil Letta ar an tógáil agus an miondíol amháin, agus níor cuireadh san áireamh i dtuarascáil Draghi meastacháin an Choimisiúin maidir leis na bearta breise a d’fhéadfaí a dhéanamh chun leas a bhaint as acmhainneacht mhargadh na seirbhísí. Mar fhocal dearfach, leagtar béim i dtuarascáil Niinistö ar ról na seirbhísí maidir le hathléimneacht agus slándáil a chothú. Is maith is eol don saol mór a thábhachtaí atá an méid sin agus an staid gheopholaitiúil mar atá faoi láthair. Is sa chomhthéacs sin atá an Coimisiún ag moladh an ‘28ú córas’, arb é sin sraith aonair rialacha lena gcumhdaítear an cánachas, dlí an tsaothair agus an dlí corparáideach. Is é is aidhm don tionscnamh sin gníomhaíochtaí trasteorann a shimpliú, go háirithe do FBManna, ach ní leor an t-eolas atá againn faoin togra chun measúnú a dhéanamh air ag an bpointe seo.

Is léir gur céim sa treo ceart é an fógra maidir le dírialáil agus reachtaíocht chuíchóirithe. Is mithid anois, áfach, na moltaí a chur i bhfeidhm, agus ní mór níos mó a bheith i gceist leis sin ná an t-ualach tuairiscithe a laghdú. Tá súil againn go ndéanfaidh an Coimisiún ‘iniúchadh’ críochnúil ar reachtaíocht an Aontais agus go mbeidh tograí sonracha mar thoradh air chun timpeallacht rialála an Aontais a fheabhsú gan mhoill.

Táimid ag tnúth le Fóram an Mhargaidh Aonair in Kraków agus táimid ag fanacht leis na conclúidí ón gcomhairliúcháin phoiblí a mbeidh comhaltaí Lewiatan páirteach ann. Is é an aidhm a bheidh ann an chéad straitéis eile maidir leis an margadh aonair a ullmhú.

Is tráthúil anois beart a dhéanamh de réir an bhriathair agus réitigh a chur i bhfeidhm a bhainfidh leas as forbairt ghnólachtaí na hEorpa i ndáiríre. Beidh ríthábhacht le hidirphlé idir institiúidí an Aontais agus na comhpháirtithe sóisialta má táthar chun réitigh a aimsiú a fhreastalóidh ar fhíor-riachtanais gnólachtaí. Mura ndéanfar cinntí misniúla, caillfear am luachmhar agus beimid chun deiridh san iomaíocht dhomhanda.

*Tá **Kinga Grafa** ina Leas-Ardstiúrthóir ar Ghnóthaí Eorpacha i gCónaidhm Lewiatan agus ina toscaire buan chuig BusinessEurope. Is eolaí polaitiúil agus iriseoir í ó thaobh oideachais de. Fuair sí taithí maidir le feidhmiú an Aontais agus í ag obair d’Oifig an Choiste um Lánpháirtiú na hEorpa (2008-2009) agus do Pharlaimint na hEorpa (2009-2014). Chomhscríobh sí freisin leabhar faoi uaisleacht na Polainne agus tá roinnt foilseacháin eolaíocha scríofa aici ar bheartas eachtrach Mheiriceá, ar scothaicme Mheiriceá agus ar thaidhleoireacht chultúrtha.*



## Future 500: gnó na hEorpa a chur ar an scála domhanda ionas gur maith a éireoidh leis

**Is mithid cor eile a bhaint as Tuarascáil Draghi sula slogfar i gcaochpholl na polaitíochta í. Teastaíonn straitéisithe agus lucht ceaptha beartas maith uainn, daoine a bheidh in ann dul thar shrianta na tuarascála seo amach agus straitéisí a fhorbairt do bheartas tionsclaíoch an Aontais', arsa Stjepan Orešković, fiontraí agus eolaí ón gCróit. In éineacht le Jörn Fleck, stiúrthóir sinsearach le hinstitiúid na meithle machnaimh trasatlantaí, chuir sé an tionscnamh uaillmhianach 'Future 500' i láthair ag an gcomhdháil idirnáisiúnta phoiblí Conclave II sa Bhruiséil. Mar chuid d'ardán níos leithne na Comhairle Atlantaigh, SEEUS Futures, tá sé d'aidhm ag 'Future 500' 500 cuideachta Eorpach a shainaithint agus tacú leo, cuideachtaí atá in inmhe foráis agus forbartha, cuideachtaí a bhfuil sé d'acmhainn iontu tionchar a imirt ar an domhan mór. Is éard is sprioc dó tacú le fiontraithe nua na hEorpa le dul san iomaíocht ar fud an domhain, agus láithreacht na hEorpa ar an stáitse eacnamaíoch idirnáisiúnta a threisiú. Thug Stjepan Orešković tuilleadh léargais dúinn ar an tionscadal.**

**Abair linn go hachomair céard is príomhsmaoineamh don tionscadal 'Future 500'?**

Agus leas á bhaint as léargais ó thuarascálacha tábhachtacha ar thodhchaí na hEorpa – arna n-ullmhú ag Draghi, Letta, agus Heitor – tuarascálacha a ndearnadh anailís orthu trí lionsa déúil na n-eolaithe agus na bhfiontraithe, ardaíonn an tionscnamh roinnt ceisteanna criticiúla: Cé a chuirfidh na pleananna iomaíochais sin i bhfeidhm, an Compás Iomaíochais nuafhoilsithe san áireamh? Cé na meicníochtaí a úsáidfear? Cé na costais a thabhófar? Agus cén toradh is dócha a bheith orthu le hais na gcuideachtaí a rinne forás mór sna Stáit Aontaithe le déanaí? Is é tionscadal "Future 500" is bunchloch d'ardán SEEUS . Is é is urlabhraí ina réimse fein do na Stáit Aontaithe, don Aontas Eorpach, agus d'Oirdheisceart na hEorpa. Rud is aidhm dó an tsofheictheacht agus an comhar a threisiú i measc na réigiún seo. Tá sé deartha go straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas práinneach na hEorpa timpeallacht dhinimiciúil a chothú, rud a ardaíonn cuideachtaí áitiúla chuig leibhéal na gceannairí ar an ardán domhanda. Is ar na nithe seo a leanas a dhíríonn an tionscnamh: an caipiteal fiontair, treoir straitéiseach, soláthar na líonrú idirnáisiúnta; foghlaim ó na saineolaithe, Dani Rodrik ó Ollscoil Harvard agus Beata Jaworcik ó BEAF, cuir i gcás, chun beartais thionsclaíocha an 21ú haois a fhorbairt, beartais a chuireann feabhas mór ar an seasamh atá againn ó thaobh na hiomaíochta de.

**An bhfuil ábhair iarrthóirí agat fós don 500 cuideachta atá beartaithe agat a roghnú? Cad iad na riachtanais bhunúsacha a chaithfeadh na cuideachtaí a chomhlíonadh chun go roghnófaí iad?**

Cé nár roghnaíodh cuideachtaí ar leith fós, díreoidh 'Future 500 ' ar eintitis a bhfuil inscálaitheacht agus acmhainneacht fáis thapa acu. Is próiseas oscailte leanúnach a bheidh ann, agus tabharfar tús áite don ghealltanas eacnamaíoch, don nuálaíocht agus don tábhacht straitéiseach laistigh dá n-earnáil féin. Féachfaimid freisin le comhpháirtíochtaí a bhunú le bainc forbartha iltaobhacha agus le hinfheisteoirí atá ag tacú faoi láthair le cuideachtaí ionas gur fórsa iomaíoch a bheidh iontu. Táthar ag díriú ar chuideachtaí a léiríonn conair láidir fáis, sinb agus cumais nuálacha, mar aol le huaillmhian chun scála domhanda. Cinntíonn sé seo go bhfuil na cuideachtaí ní hamháin ceannairí margaidh ach freisin ceannródaithe sa teicneolaíocht agus sna samhlacha gnó. An taithí atá ann de bharr tionscadail mhaithe mar Scale-Up Europe, tionscadail a

thugann le chéile bunaitheoirí, infheisteoirí, feidhmeannaigh agus eolaithe, sin é an bunús a bheidh leis an obair. Is éard is aidhm dúinn más ea, gaiscígh na teicneolaíochta a mhealladh chun lonnaíochta san Eoraip. Maidir le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, tá na cuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith roghnaithe ríthábhachtach. Léireoidh siad prionsabail an gheilleagair nua agus beidh siad ina n-eiseamláirí do ghnólachtaí uaillmhianacha atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, gnólachtaí nach mbraitheann den chuid is mó ar mhaoiniú ó cháiníocóirí náisiúnta.

**Cé chomh dóchasach atá tú faoi acmhainneacht iomaíochais na hEorpa ar an leibhéal domhanda?**

Tá dóchas nach beag ann faoi chumas na hEorpa an seasamh iomaíoch atá aige go domhanda a neartú ach scaradh le dearcadh seo na féintrua atá i réim. Maidir le torthaí iomlána thagarmharc stoic an limistéir euro, ó thosaigh margadh seo na dtarbh go déanach in 2022, is torthaí iad is airde ná S&P 500, má chuirimid Nvidia as an áireamh. Tá córais shóisialta agus sláinte na hEorpa ag cothú shláinte agus bhrí na ndaoine ar feadh tréimhsí níos faide ar chostas i bhfad níos ísle, agus tá tionchar dearfach acu ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas ár ngeilleagair ar scála domhanda.

Táimid ag iarraidh adhmad a bhaint as coincheap úd Immanuel Kant, 'an díograis a mbíonn toradh fónta air', coincheap a luaigh sé i gcomhthéacs Réabhlóid na Fraince. Tig le meon mar sin fórsa bríomhar a dhéanamh den dúshlán. Nuair a tharlaíonn amhlaidh, bíonn toil ann is deacair a chloí. Tá an iomarca muca méithe ann, agus an iomarca peataí coileán – na haicmí saibhre nach bhfuil aon phráinn iontu gona lucht leanta ró-umhal gan uaillmhian. Is le daoine dá leithéid sin atáthar ag cuimilt meala le fiche bliain anuas. Ina leaba sin, tá níos mó fir agus mná óga de dhíth orainn atá santach chun gnímh – daoine uaillmhianacha, spreagadh mór iontu, iad réidh chun tabhairt faoi dhúshláin na hoibre.

Is é is aidhm don tionscnamh 'Future 500' aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar shaincheisteanna ainsealacha a luaitear sna tuarascálacha iomaíochais, an gá atá le nuálaíocht mhisniúil, cuir i gcás, sin agus scálú na bhfiontar. Beidh seasamh domhanda na hEorpa ag brath go mór ar a cumas na hardteicneolaíochtaí a chomhtháthú, tallann fiontraíochta a chothú, agus beartais thionsclaíocha a bheachtú chun tacú le fás cuimsitheach. Ach leas a bhaint as an lucht saothair dea-oilte, as oidhreacht shaibhir nuálach, agus as earnálacha tionsclaíocha traidisiúnta agus nua – agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail ilroinnt rialála agus míchothromaíochtaí margaidh  féachtar leis an tionscnamh le timpeallacht thorthúil a chruthú do cheannairí gnó agus do nuálaithe.

Is céim thábhachtach é an tionscnamh 'Future 500' chun tírdhreach eacnamaíoch na hEorpa a thástáil, an mhór-roinn a shuí mar iomaitheoir domhanda trí chuideachtaí ardacmhainneachta a chothú agus an t-éiceachóras fiontraíochta a neartú. Ní féidir an freasúra a shárú gan fios a sloinne.

*Is eolaí agus fiontraí é an Dr Stjepan Orešković.* Is comhalta é de chuid Acadamh Eorpach na hEolaíochta agus na nEalaíon, agus tá sé ar dhuine de bhunaitheoiríBosqar Invest. *Faoina cheannaireacht teaghlaigh, mhéadaigh Bosqar Invest an fhoireann a bhí acu ó 300 go dtí os cionn 16,000 fostaí laistigh de chúig bliana, ag taispeáint straitéis mhéadaithe rímhaith a chomhtháthaíonn an eolaíocht, an teicneolaíocht, infheistíochtaí ó chistí pinsin agus eile, agus misneach fiontraíochta – cur chuige ríthábhachtach a mholtar i dtuarascáil Draghi. Is dócha go raibh tionchar ag an mbéim straitéiseach seo ar thionscnamh Chomhairle an Atlantaigh ar an tionscadal Future 500 a bhfuil sé ag trácht air.*



# Diúltú tugtha ag an gComhghuaillíocht Eorpach um Cheartas Corparáide don phacáiste Omnibus: níor cheart gurbh iad na leasanna corparáideacha a stiúrfadh beartais an Aontais

**Cuirfidh an Coimisiún Eorpach pacáiste d'athchóirithe reachtacha maidir le dualgais i réimse an tuairiscithe chorparáidigh (an 'pacáiste Omnibus' mar a thugtar air) os comhair an phobail go luath. Is éard is aidhm don phacáiste rialacháin i réimse na hinbhuanaitheachta a shimpliú agus a chuíchóiriú, rud a shimpleoidh na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar ghnólachtaí. Ó fógraíodh é i mí na Samhna, tá croitheadh millteanach bainte aige as an Aontas. Go deimhin, is minic a tarraingíodh anuas é mar ábhar díospóireachta ó shin agus is iomaí grúpa atá tar éis cur ina choinne. Is ábhar imní ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna), ceardchumainn, gnólachtaí, infheisteoirí, dlíodóirí agus scoláirí an pacáiste Omnibus ar an ábhar go bhféadfadh dírialáil teacht chun cinn dá dheasca. Tá siad ag tathant ar an gCoimisiún na hionstraimí sin a chosaint in ionad baint dá neart. Míníonn Andriana Loredan ón gComhghuaillíocht Eorpach um Cheartas Corparáideach (ECCJ) anseo ina diaidh a bhfuil i mbaol agus cén fáth a bhfuil a bhfuil ESSanna ar nós ECCJ ag cur in éadan an phacáiste Omnibus.**

**Leas á bhaint as an iomaíochas mar dhea chun rialacháin inbhuanaitheachta a bhfuil géarghá leo a dhírialáil**

Díríonn an pacáiste Omnibus ar thrí phríomhionstraim inbhuanaitheachta atá i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, mar atá an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, an Treoir maidir le Dícheall Cuí i ndáil leis an Inbhuanaitheacht Chorparáideach, sin agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Is toradh díreach é an pacáiste seo ar athrú treo an Choimisiúin nua. Cuireadh tús leis an athrú treo sin nuair a foilsíodh tuarascáil Mario Draghi maidir le Todhchaí Iomaíochas na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2024. I dtuarascáil Draghi leagtar cuid den locht as marbhántacht mhargaí an Aontais ar na hualaí iomarcacha rialála a chuirtear ar ghnólachtaí. San an am céanna, tugtar neamhaird ar thosca mórthábhachtacha eile, toisc go n-oireann sin d'éirim na tuarascála, cuir i gcás an boilsciú ola, gáis agus bia a bheith ag dul in olcas de dheasca amhantraíocht na gcuideachtaí ilnáisiúnta. De réir thuarascáil Draghi, is é creat tuairiscithe inbhuanaitheachta agus dícheall chuí an Aontais is cúis le cuid mhór den ualach rialála atá ann. In éagmais fianaise a nascfadh an reachtaíocht inbhuanaitheachta leis an easpa iomaíochais a mheastar a bheith san Aontas, tá glactha anois leis an dearcadh cúng seo mar leithscéal chun deireadh a chur leis an reachtaíocht inbhuanaitheachta, más féidir.

Leis an bpacáiste Omnibus áirithe seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuid de na hionstraimí is tábhachtaí dár glacadh le déanaí a shimpliú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchar na ngnólachtaí móra ar an bpobal agus ar an gcomhshaol. Áirítear leis sin an Treoir maidir le Dícheall Cuí i ndáil leis an Inbhuanaitheacht Chorparáideach, treoir a glacadh anuraidh agus nár cuireadh chun feidhme go fóill.

Cibé plé is féidir a dhéanamh ar an bpacáiste Omnibus go fóill, mar sin, plé teoiriciúil atá ann. Ina dhiaidh sin is uile, ar na rioscaí is suntasaí a bhaineann le Omnibus tá athoscailt reachtach na n-ionstraimí inbhuanaitheachta, ós amhlaidh a d'fhéadfaí a áiteamh gur mhithid roinnt de na príomhfhorálacha (pleananna dliteanais shibhialta nó pleananna aistrithe aeráide faoin Treoir réamhráite) a chaibidliú as an

nua. Tá an Chomhghuaillíocht Eorpach um Cheartas Corparáideach go mór in éadan reachtaíocht inbhuanaitheachta a comhaontaíodh roimhe seo a chur faoi chaibidil athuair. Mhéadófaí ar an éiginnteacht rialála dá réir, chuirfí urraim gnólachtaí do chearta an duine agus don chomhshaol i mbaol agus ghearrfaí pionós ar na tionscnóirí tosaigh.

**Tionchar díréireach gnó i lár próisis comhairliúcháin lochtaigh**

Fógraíodh an pacáiste Omnibus agus d'fhorbair an Coimisiún a thogra i modh rúin, geall leis, agus gan aird ar bith aige ar dhlí conarthaí an Aontais ná ar rialacha nós imeachta an Choimisiúin féin.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an tionscnamh Omnibus a thíolacadh laistigh de thréimhse ama an-ghearr, rud a fhágann nach féidir measúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí leordhóthanach a dhéanamh cheal ama. Tá an cur chuige sin ag teacht salach ar an gceart chun páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta an Aontais bíodh gur prionsabal daonlathach é sin a chosnaítear faoi dhlí conarthaí an Aontais. Tagann sé salach freisin ar Threoirlínte an Choimisiúin féin maidir le Rialáil Níos Fearr, ós amhlaidh is gá faoi na Treoirlínte sin comhairliúchán leathan trédhearcach a dhéanamh le páirtithe leasmhara le linn phróiseas ceaptha beartas an Choimisiúin.

Ina ionad sin, i mí Feabhra 2025, reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán mar dhea, ar a dtugtar 'seiceáil réaltachta', le grúpa beag cúng de pháirtithe leasmhara, go príomha cuideachtaí móra agus comhlachais ghnó. I láthair na huaire, tá caingean dlí tionscanta in aghaidh go leor de na cuideachtaí sin maidir le cearta an duine nó mí-úsáid chomhshaoil ina n-oibríochtaí féin nó ina slabhra luacha féin. Dá bhrí sin, is lena leas féin, gan dabht, an reachtaíocht i réimse na hinbhuanaitheachta a lagú agus a chaolú, rud a rachadh chun dochair d'oibrithe, do phobail áitiúla agus don aeráid. Anuas air sin, ba mhór idir ionadaíocht dhíréireach na ngnólachtaí móra agus tearcionadaíocht na sochaí sibhialta le linn an chomhairliúcháin. Má bhí ESSanna, ceardchumainn agus gnólachtaí beaga áirithe i láthair, ba le teann béalghrá a tugadh cuireadh dóibh. Rud eile de, fágadh íospartaigh na mí-úsáide corparáidí agus gnólachtaí a chuir ar son rialacháin inbhuanaitheachta ar an trá fholamh.

**An pacáiste Omnibus: bagairt fhéideartha ar bheartais uaillmhianacha aeráide**

Is cosúil go bhfuil an tUachtarán Ursula von der Leyen agus an Coimisinéir Valdis Dombrovskis, an té a dhéanann maoirseacht ar phróiseas an 'tsimpliúcháin' ina iomláine, ag druidim i ngaire do chlár oibre na gcorparáidí is mó agus is cumhachtaí dá bhfuil ann. Rud is tábhachtaí fós, i measc phríomh-chomhpháirtithe an Choimisiúin dár tugadh cuireadh le haghaidh na seiceála réaltachta, mar a thugtar uirthi, bhí cuideachtaí i láthair a gcuireann a ngníomhaíochtaí gnó go mór leis an athrú aeráide, cuir i gcás cuideachtaí in earnálacha na hola, an gháis, na bpeitriceimiceán, na ngluaisteán agus an airgeadais. Is lena leas siúd é, ar ndóigh, dá laghdófaí ar na hoibleagáidí aeráide atá i bhfeidhm I bhfianaise na géarchéime aeráide atá ann faoi láthair agus an drochthionchair atá aici ar dhaoine agus ar an gcomhshaol, is cúis imní é an pacáiste Omnibus, go háirithe más céim ar gcúl do na beartais aeráide a bheidh ann.

**Ba cheart don Choimisiún tús áite a thabhairt don chur chun feidhme seachas don dírialáil**

Má tá imní nach beag ar an gCoimisiún i ndáiríre faoin iomaíochas agus faoi ualach laghdaithe rialála, sin agus faoi chearta an duine agus faoin gceartas aeráide, ba cheart dó machnamh a dhéanamh ar conas is féidir ionstraimí inbhuanaitheachta a chur chun feidhme go héifeachtach. Is féidir tabhairt faoi sin go héasca ach treoirlínte a cheapadh a thabharfaidh cúnamh do chuideachtaí agus d'údaráis na mBallstát, rud atá sonraithe sa Treoir maidir le Dícheall Cuí i ndáil leis an Inbhuanaitheacht Chorparáideach, chomh maith le

cistiú agus fothú acmhainneachta a thabhairt chun cinn. An cáineadh a rinneadh i dtuarascáil Draghi maidir le heaspa treoraíochta a bheith ann chun cur i bhfeidhm reachtaíocht inbhuanaitheachta an Aontais a éascú, d'fhéadfaí sin a leigheas ach an cur chuige seo a leanúint.

I ndeireadh na dála, má dhéantar na rialacháin ríthábhachtacha inbhuanaitheachta seo a athscríobh faoi choim i gcomhar le cuid de na corparáidí is mó ar domhan, beidh bóthar á thabhairt air féin ag an Aontas nach é an fíor-iomaíochas a gheobhaidh sé ag ceann a riain ná baol air.

*Is oifigeach beartais í* ***Andriana Loredan*** *de chuid na Comhghuaillíochta Eorpaí um Cheartas Corparáideach (ECCJ). Tá sí sáite san abhcóideacht atá ar siúl faoin Treoir i maidir le Dícheall Cuí i ndáil leis an Inbhuanaitheacht Chorparáideach ó foilsíodh an togra den chéad uair in 2022. Chaith sí tamall roimhe sin ag obair do Anti-Slavery International i réimsí an ghnó agus chearta an duine ó thaobh saothar éigeantais de.*

---



## Blianta fada d'obair chrua ab ea é dul chun cinn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a dhéanamh – níor cheart sin a chur i mbaol

**Dar le Danny Jacobs, ardstiúrthóir líonra comhshaoil Fhlóndras, Bond Beter Leefmilieu – BBL, ní mór don Aontas diúltú don dírialáil óir ní dhéanfadh sí ach éiginnteacht a chruthú do ghnólachtaí, an t-iomaíochas atá dírithe ar an inbhuanaitheacht a lagú agus folláine agus muinín na saoránach a laghdú. Labhair sé linn faoi na hábhair imní atá ag eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil maidir leis an togra is déanaí ón Aontas maidir le rialacháin a shimpliú. Is eagal leo go bhféadfadh sé príomhuaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chur i leataobh.**

**Cad é do bharúil faoi na tionscnaimh is déanaí ón gCoimisiún maidir leis an dírialáil, amhail an Compás Iomaíochais nó pacáiste Omnibus?**

An clár oibre dírialála agus simplithe atá curtha i láthair ag an gCoimisiún Eorpach, tugtar tús áite leis do chúrsaí eacnamaíocha, rud a d'fhéadfadh an dul chun cinn comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha atá bainte amach againn le dua a chur i mbaol. Is deacair don Aontas cúrsa soiléir a stiúradh toisc a dhúshlánaí atá sé *acquis* an Aontais a oiriúnú agus a chaomhnú san am céanna.

Léirítear le Compás Iomaíochais an Choimisiúin, a cuireadh i láthair go déanach i mí Eanáir, ábhair imní corparáidí maidir le costais fuinnimh agus dúshláin eacnamaíocha ach tugtar neamhaird ar phríomhthosaíochtaí amhail truailliú nialasach agus folláine na saoránach, rud a chuireann bac ar gheilleagar na hEorpa aistriú i dtreo todhchaí ghlan, rathúil agus chiorclach. Tá an baol ann go gcuirfidh an Compás an Eoraip ar strae. Trí dhícharbónú iomaíoch a chur chun cinn gan cuspóirí sóisialta agus comhshaoil a chur san áireamh, baintear an bonn den chuspóir atá ag institiúidí an Aontais, mar atá, leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn.

Rud is ábhar imní d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta an sprioc chontúirteach maidir le simpliú 25 % a leagtar amach sa Chompás. Bíodh is gur dhíol sásaimh é rialacháin a chuíchóiriú, má shimplítear iad gan measúnuithe críochnúla a dhéanamh d'fhéadfaí an bonn a bhaint de chosaintí ríthábhachtacha sláinte, sóisialta agus comhshaoil. Ní hí an rialáil a chuireann bac ar nuálaíocht ghnó, ach an easpa rialacha soiléire.

Dá mhéad dírialála a dhéanfar is éiginnte a bheidh an timpeallacht, rud a chuirfidh gnólachtaí ar thús cadhnaíochta faoi mhíbhuntáiste agus a chuirfidh an dul chun cinn agus an inbhuanaitheacht i mbaol san am céanna.

Is baolach go ndéanfaidh an simpliú sin dochar do chuspóirí comhshaoil agus sóisialta freisin. Is iomaí locht sa Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, sa Treoir maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus níor bhain siad amach an méid a rabhthas ag súil leis. Dá ndéanfaí iad a lagú a thuilleadh, agus iad lag cheana féin, ní bheadh éifeacht ar bith leis na treoracha sin.

Is sampla eile é sin den mhéid atá ag titim amach i láthair na huaire.  Is suntasach an fhadhb atá roimh Fhlóndras le blianta beaga anuas ó thaobh substaintí sárfhluarailcile agus pholafluarailcile (PFASanna) de. Tá cuid mhór den chríoch á dtruailliú ag na ceimiceáin sin agus na céadta mílte saoránach thíos leis. Srian nó toirmeasc a chur i bhfeidhm faoin reachtaíocht maidir le ceimiceáin (REACH), meastar gurb é sin an dóigh is éifeachtaí chun na rioscaí a bhaineann le substaintí, amhail PFASanna, a úsáidtear i bpróisis thionsclaíocha agus i dtáirgí (meascáin agus earraí) a rialú. Dá dtréigfeadh an Coimisiún Eorpach rialachán dian REACH, a bhfuil tábhacht leis, mhéadódh sé sin an neamhchosaint ar cheimiceáin chontúirteacha, rud a bheadh díobhálach don tsláinte phoiblí. Ba lú na hoibleagáidí a bheadh ar chuideachtaí roghanna malartacha sábháilte a lorg, rud a chuirfeadh bac ar an nuálaíocht sa cheimic inbhuanaithe. Dá scaoilte na rialacha is ea is guaisí a bheidh an sceitheadh agus an dramhaíl, rud a chiallaíonn go bhféadfadh méadú teacht ar thruailliú comhshaoil. Ba leochailí a bheadh na tomhaltóirí toisc nach ndéanfaí táirgí a sheiceáil le haghaidh substaintí tocsaineacha ar dhóigh chomh críochnúil céanna. Dá dheasca sin, d’fhéadfadh cuideachtaí Eorpacha titim chun deiridh san aistriú domhanda chuig táirgí atá níos sábháilte agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus a sciar den mhargadh a ghéilleadh d’iomaitheoirí a bhaineann leas as nuálaíochtaí a sheasfaidh an aimsir.

**An bhfuil tú dóchasach faoi chinniúint an Chomhaontaithe Ghlais i bhfianaise an phlean nua a d’fhógair an Coimisiún chun borradh a chur faoi gheilleagar na hEorpa?**

Tá idir dheiseanna agus dhúshláin ag baint le Clár Oibre 2025 an Choimisiúin Eorpaigh. Tugtar gealltanais ann maidir le dícharbónú agus fuinneamh inacmhainne d’fhonn Eoraip níos glaine agus níos athléimní a chothú. San am céanna, áfach, tá an baol ann go gcuirfear príomhuaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i leataobh. Is mó an imní atá ann maidir le Rialachán Omnibus atá beartaithe, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúldoras chun freagracht chorparáideach a dhírialáil faoi scáth ‘an tsimplithe’. Léiríodh le treochtaí le déanaí gur rómhinic a úsáidtear an simpliú chun coimircí riachtanacha a lagú, ó reachtaíocht maidir le ceimiceáin go reachtaíocht maidir leis an talmhaíocht. Sampla cruthanta is ea an t-athchóiriú a rinneadh faoi dheifir ar an gComhbheartas Talmhaíochta i mí an Mhárta 2024, lenar baineadh amach cosaintí glasa. Anois, agus athbhreithniú á dhéanamh ar Rialachán REACH (a leagadh amach tráth mar uirlis chun an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint), tá an baol ann go ndéanfar é a athphacáistiú mar bheart simpliúcháin chun rialacha tionscail a mhaolú.

Cúpla mí ó shin, gheall an tUachtarán von der Leyen go seasfaí le spriocanna uile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Mar sin féin, tugtar a mhalairt le fios sa Chlár Oibre reatha. Is lú tosaíocht a thugtar ann do na spriocanna is práinní atá ann, go háirithe an uaillmhian maidir le truailliú nialasach.

**An measann tú go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an dírialáil atá á moladh ar an inbhuanaitheacht agus ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo?**

Ní mór don Aontas diúltú don dírialáil óir ní dhéanfadh sí ach an bonn a bhaint den chinnteacht rialála agus den intuarthacht do ghnólachtaí, an t-iomaíochas atá dírithe ar an inbhuanaitheacht a lagú agus folláine agus muinín na saoránach a laghdú.

Ní mór don Aontas a chinntiú nach ionann deireadh a chur leis an rómhaorlathas agus laghdú a dhéanamh ar chosaintí don chomhshaol agus don tsláinte phoiblí. Le cur chun feidhme cliste, ba cheart an Comhaontú Glas don Eoraip a neartú, seachas an bonn a bhaint de. Ní chuirfear leis an neart eacnamaíoch má dhéantar príomhchosaintí comhshaoil agus sóisialta a lagú, ag ligean orainn gur ag laghdú an rómhaorlathais atáimid. Céim mhístuama ar gcúl atá ann a chuirfidh na rialacha atá ceaptha chun an geilleagar a dhéanamh slán i bhfad na haimsire ó rath. Ina fhianaise sin ar fad, is mó an baol atá ann go gcuirfí deich mbliana de dhul chun cinn i réimse na hinbhuanaitheachta ó mhaith.

San am céanna, is ag dul i méid an brú ar an tsochaí shibhialta ar fud an Aontais agus tá dlíthe sriantacha maidir le gníomhairí eachtracha, bearta dianteannta i gcoinne agóidí agus ciorruithe ar mhaoiniú ag bagairt ar chearta bunúsacha. Ní mór don Eorpach Sciath don Daonlathas agus do Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta atá ar na bacáin níos mó ná gealltanais shiombalacha a thabhairt. Ní mór dóibh cosaintí dlíthiúla, cistiú inbhuanaithe agus idirphlé sibhialta struchtúrtha le hinstitiúidí an Aontais a chinntiú. Ní mór tús áite a thabhairt i gClár Oibre an Choimisiúin do chosaint an daonlathais tríd an tsochaí shibhialta a neartú. Gan sochaí shibhialta neamhspleách a bhfuil acmhainní maithe aici, tá daonlathas na hEorpa féin i mbaol.

*Tá **Danny Jacobs** ina ardstiúrthóir ar Bond Beter Leefmilieu – BBL (cónaidhm de 135 eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil i bhFlóndras na Beilge) agus ina ionadaí thar cheann na Beilge sa Bhiúró Eorpach Comhshaoil (an líonra is mó san Eoraip d’eagraíochtaí saoránach comhshaoil, a dhéanann ionadaíocht ar thart ar 30 milliún comhalta aonair agus tacadóir).*


# Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Laura Lui (ll)

# Contributors to this issue

Christian Weger (cw)
Daniela Vincenti (dv)
Dimitra Panagiotou (dm)
Erika Paulinova (ep)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Leonard Mallet (lm)
Marco Pezzani (mp)
Margarita Gavanas (mg)
Margarida Reis (mr)
Millie Tsoumani (mt)
Pablo Ribera Paya (prp)
Samantha Falciatori (sf)
Parminder Shah (sp)
Thomas Kersten (tk)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Giorgia Battiato (gb)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 24 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link  is sent to the editor.

02/2025